



An Bhruiséil, 18 Iúil 2025
(OR. en)

11739/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0545 (COD)**

**FIN 892
CADREFIN 101
CODEC 1042
POLGEN 89**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 545 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 545 final.

Faoi iamh: COM(2025) 545 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 545 final

2025/0545 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais

{SEC(2025) 590 final} - {SWD(2025) 590 final} - {SWD(2025) 591 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Rochtain ar fhaisnéis shoiléir, iontaofa agus thráthúil faoin gcaoi a bhfuil buiséad an Aontais (an buiséad) á úsáid agus faoin méid a bhaintear amach a bhui lena thacaíocht, tá sé ríthábhachtach don trédhearcacht agus don chuntasacht, agus é á áirithiú ag an am céanna go gcaithfear gach euro go héifeachtach agus go héifeachtúil. Cuireann sé sin ar a gcumas do shaoránaigh na hEorpa luach níos fearr ar airgead a fháil, toisc go bhfuil fíorluach an bhuiséid ina thionchar nithiúil ar an láthair. Tá na sonraí sin ríthábhachtach freisin don chinnteoireacht, ó thaobh an nasc idir an buiséad agus tosaíochtaí beartais an Aontais a neartú.

Rinneadh nuachóiriú ar chreat feidhmíochta 2021-2027, ach d'fhéadfaí feabhas a chur air fós. Tá an córas atá ann faoi láthair bunaithe ar mheascán de rialacha clárshonracha a bhíonn casta agus neamhréireach ó am go ham. Is é an toradh atá air sin ualach trom riaracháin ar na Ballstáit, ar chomhpháirtithe cur chun feidhme agus ar thairbhíthe, agus fágann sé go bhfuil sé deacair forléargas níos cuimsithí a thabhairt ar fheidhmíocht an bhuiséid.

Ar an gcéad dul síos, na rialacha maidir le prionsabail chothrománacha áirithe a chur i bhfeidhm, amhail an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne, tá na rialacha sin ilchineálach. Thairis sin, le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán Airgeadais), tugadh isteach ceanglais nach mór a chur san áireamh agus an creat feidhmíochta nua á dhearadh. Ceanglaítear leis go gcuirfear na cláir agus na gníomhaíochtaí uile chun feidhme ionas go mbainfidh siad amach na cuspóirí a leagtar síos leo, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha, gan dochar mór a dhéanamh do bhaint amach cuspóirí comhshaoil, agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh, agus i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

Téann príomhthosaíochtaí áirithe thar réimsí beartais aonair mar gheall ar a gcineál trasearnálach. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a chomhtháthú sa bhuiséad. Is éard atá i gceist leis sin na tosaíochtaí beartais sin a chuimsiú i ngach céim de thimthriall beartais na gclár ábhartha, lena n-áirítear clársceidealú agus cur chun feidhme. Tugtar aghaidh sa rialachán sin freisin ar an ngá atá le tacú le beartais chothrománacha áirithe.

Ansin, tá roinnt bealaí ann chun caiteachas buiséid a rianú, agus úsáidtear os cionn 5 000 táscaire ilchineálach agus neamh-inchomhiomlánaithe chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid, toisc go n-oibríonn cláir éagsúla faoi chórais éagsúla. Cruthaíonn an ilroinnt sin ualaí riaracháin móra le haghaidh na bpáirtithe leasmhara uile agus fágann sí go bhfuil sé deacair ar an gCoimisiún sonraí a chomhiomlánú agus forléargas cuimsitheach a thabhairt ar an gcaoi a leithdháiltear cistí agus ar fheidhmíocht na gcistí sin ar leibhéal buiséad an Aontais, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur lena mhéid is féidir le faisnéis feidhmíochta cur chun feidhme buiséad an Aontais a threorú chomh maith leis an ról atá aige maidir le bonn eolais a chur faoin bpróiseas cinnteoireachta.

Leagtar síos sa Rialachán Airgeadais freisin roinnt ceanglas maidir leis an dearadh agus an gá atá le comhiomlánú táscairí feidhmíochta ar fud chlár buiséadacha an Aontais agus éilítear trédhearcacht i bhfoilsíú sonraí maidir le tairbhíthe agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais.

Ar deireadh, d'fhéadfaí rudaí a dhéanamh níos trédhearcaí trí shonraí faoi chur chun feidhme agus feidhmíocht an bhuiséid a thabhairt le chéile ar shuíomh gréasáin aonair, chomh maith le faisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin faoin mbuiséad (e.g. glaonna ar thograí atá ar fáil do thairbhíthe féideartha), faisnéis atá scaipthe faoi láthair ar roinnt tairseacha ar líne. Trí rochtain níos simplí a thabhairt do thairbhíthe féideartha ar na deiseanna cistiúcháin sin, lena gcumhdaítear na modhanna bainistíochta uile, cuideofar le tionchar an bhuiséid agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil leis a uasmhéadú, go háirithe d'iomáiochas an Aontais.

Is deis thábhachtach é an creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Is é is aidhm don Rialachán seo creat feabhsaithe aonair a bhunú le haghaidh rianú agus feidhmíocht an chaiteachais bhuiséadaigh ó CAI tar éis 2027 ar bhealach atá níos simplí, níos comhsheasmhaí agus nach bhfuil an t-ualach céanna ag baint leis ná mar atá faoi láthair. Cuideoidh sé sin le cur chuige bunaithe ar thorthaí a leanúint, lena n-uasmhéadófar an acmhainneacht chun tosaíochtaí beartais a bhaint amach agus feidhmíocht an bhuiséid a mheasúnú go héifeachtach agus trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr á soláthar ag an am céanna, lena n-áiríteofar ailíniú le ceanglais an Rialacháin Airgeadais agus lena laghdófar na costais riaracháin do na Ballstáit, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus do thairbhíthe.

Is féidir príomhchuspóirí an togra a achoimriú mar seo a leanas:

- Na forálacha maidir le tacú le prionsabail chothrománacha ar fud bhuiséad an Aontais (e.g. an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne) a dhéanamh comhsheasmhach, rud a laghdóidh castacht do thairbhíthe agus a mhéadóidh comhleanúnachas ghníomhaíocht an Aontais.
- Cuíchóiriú agus comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcóras chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais agus ar fheidhmíocht an bhuiséid, rud a fhágann gur féidir sonraí a chomhiomlánú ar fud na gclár, trédhearcacht a mhéadú agus costais do pháirtithe leasmhara a laghdú.
- Tuairisciú faisnéise feidhmíochta agus soláthar faisnéise faoi dheiseanna cistiúcháin ar fud bhuiséad an Aontais a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú, trédhearcacht a mhéadú do pháirtithe leasmhara agus rochtain ar chistí an Aontais a éascú do thairbhíthe féideartha.

Ní mór na cuspóirí sin go léir a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta, agus gan an bonn a bhaint de ghnóthú cuspóirí cláir nó gníomhaíochta, mar a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais. Meastar gurb é a bheidh mar thoradh ar a gcur chun feidhme laghdú 25 % ar a laghad ar an ualach riaracháin agus ar na costais a dhéanann difear do thairbhíthe bhuiséad an Aontais, do na Ballstáit, do thíortha comhpháirtíochta, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus d'institiúidí an Aontais, i gcomhréir le gealltanais an Chompáis Iomáiochais costais a bhaineann le hualaí riaracháin a laghdú. Meastar go gcuirfidh sé go mór le tiomantas an Choimisiúin rialacha a chuíchóiriú agus na hualaí riaracháin a laghdú 35 % do FBManna faoi dheireadh an tsainordaithe reatha.

Leagtar síos leis an Rialachán seo freisin rialacha comhchoiteanna is infheidhme ar fud an bhuiséid maidir le hábhair eile, amhail meastóireacht ar chlár agus ar ghníomhaíochtaí, chomh maith le rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

1. Forálacha a chomhchuíbhíú ar fud bhuiséad an Aontais a mhéid a bhaineann le prionsabail chothrománacha

Moltar sa Rialachán seo forálacha comhsheasmhacha ar fud chláir bhuiséadacha an Aontais maidir le prionsabail chothrománacha amhail an phrionsabail gan dochar suntasach a dhéanamh agus comhionannas inscne a chur i bhfeidhm, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí agus i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

Tacaíonn an Rialachán freisin le cur chun feidhme comhsheasmhach phrionsabal an chomhionannais inscne a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, lena n-áirithítear go neartófar buiséadú inscne don chéad CAI eile trí rialacha clárscidealaithe agus faireacháin níos fearr. Áirítear comhionannas inscne mar chuspóir sonrach do chláir a meastar ina leith go bhfuil sé ábhartha agus iomchuí go sonrach. Ionchorpraíodh forálacha sonracha maidir le comhionannas inscne i ndearadh na gclár freisin, mar shampla trí cheangal a chur ar na Ballstáit a léiriú cén chaoi a rannchuidíonn a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí le comhionannas inscne nó tríd an ngné sin a áireamh sa nós imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar ghlaonna ar thograí le haghaidh clár faoi bhainistíocht dhíreach i gcás inarb iomchuí. Leis an Rialachán seo códaítear an mhodheolaíocht rianaithe inscne bunaithe ar chóras scór inscne. Déanfar táscairí feidhmíochta a imdhealú de réir inscne i gcás inarb ábhartha, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Leis an gcreat aonair rianaithe caiteachais agus feidhmíochta, beifear in ann rannchuidiú an bhuiséid le comhionannas inscne a thomhas ar bhealach níos cruinne.

Tacóidh an Rialachán freisin le beartais shóisialta ar fud chláir an Aontais trí fhorálacha tiomnaithe arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcuirfear cláir agus gníomhaíochtaí chun feidhme agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais, faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna, chomh maith le rianú a dhéanamh ar rannchuidiú an bhuiséid le cuspóirí sóisialta a bhaint amach.

2. Faireachán ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais a chuíchóiriú: córas aonair chun caiteachas a rianú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid

Beidh an creat feidhmíochta bunaithe ar chóras aonair chun caiteachas a rianú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid, ina mbeidh liosta comhchuíbhithe de réimsí idirghabhála (i.e. cineálacha gníomhaíochtaí) lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí uile a dtacaíonn an buiséad leo. Leis an gcóras, beifear in ann meastachán a dhéanamh ar an ranníocaíocht bhuiséadach le beartais, amhail maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, bithéagsúlacht agus cuspóir sóisialta, trí chomhéifeachtaí an Aontais atá bunaithe ar chéatadán, bunaithe ar chóras trí-chiseal, lena sannfar 0 %, 40 % nó 100 % do réimse idirghabhála ar leith.

Áirítear sa Rialachán freisin tacar caighdeánaithe táscairí feidhmíochta is infheidhme maidir le cláir bhuiséid uile an Aontais — táscairí aschuir agus toraidh — atá nasctha go díreach le liosta na réimsí idirghabhála. Tá an dá chineál táscaire fíor-riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir: i gcás réimse idirghabhála ar leith (e.g. athchóiriú foirgneamh le haghaidh tithíocht shóisialta), tugann táscairí aschuir léargas ar an méid a mhaoinítear go díreach leis an gclár agus ar a ghníomhaíochtaí láithreacha (e.g. an líon m² a athchóiríodh), agus le táscairí toraidh rianaítear éifeachtaí na n-aschur sin (e.g. astaíochtaí gás ceaptha teasa seachanta). Chun sampla eile a thabhairt i réimse an taighde, maidir leis an réimse idirghabhála ‘taighde trasteorann, oiliúint taighdeoirí, agus bonneagair thaighde’, is é

‘líon na dtaighdeoirí a fhaigheann tacaíocht’ an táscaire aschuir, agus is é ‘tagairtí d’aschuir taighde phiarmheasúnaithe’ an táscaire toraidh.

Beifear in ann na táscairí sin a úsáid le haghaidh ilchuspóirí, amhail feidhmíocht a mheasúnú¹, i gcomhthéacs maoiniú nach bhfuil nasctha le costais² (e.g. saineoidh na Ballstáit agus tríú tíortha spriocanna ina bpleananna trí úsáid a bhaint as na táscairí aschuir réamhshainithe), chun faireachán a dhéanamh ar chomhpháirtithe cur chun feidhme i gcomhthéacs na bainistíochta indírí³, nó chun tacú le meastóireachtaí ar chlár⁴.

Leis an gcur chuige sin, laghdófar líon foriomlán na dtáscairí feidhmíochta agus áiritheofar ailíniú le ceanglais nua an Rialacháin Airgeadais athmhúnlaithé lena gceanglaítear comhiomlánú táscairí feidhmíochta ar fud na gelár.

3. An tuairisciú ar fhaisnéis feidhmíochta agus ar dheiseanna cistiúcháin a neartú

Leagtar amach sa Rialachán ceanglais tuairiscithe feidhmíochta chomhchuibhithe, lena gcomhdhlúthaítear an fhaisnéis uile maidir le feidhmíocht bhuiséadach sa Tuarascáil Bhliantúil aonair ar Fheidhmíocht Bhainistíochta, seachas tuarascálacha iomadúla a bhaineann go sonrach leis an gelár.

Beidh rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis feidhmíochta trí thairseach aonair ar líne ar a mbeidh deais a thaispeánann an méid a bhaintear amach le buiséad an Aontais. Taispeánfar sonraí ar an tairseach maidir le tairbhíthe agus oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad. Feidhmeoidh sé freisin mar phointe iontrála aonair lena soláthrófar faisnéis maidir leis na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil agus lena bhfeabhsófar trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis, go háirithe do thionscnóirí tionscadail agus do thairbhíthe ionchasacha.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leagtar amach na príomhfhorálacha dlíthiúla i réimse an rianaithe agus na feidhmíochta buiséid sa Rialachán Airgeadais, a gcomhlánófar leis an Rialachán feidhmíochta nua seo trí fhorálacha a leagan síos atá nasctha le prionsabail chothrománacha maidir leis an bprionsabal gan dochar suntasach a dhéanamh, dálaí oibre agus fostaíochta, comhionannas inscne agus faireachán ar fheidhmíocht.

Tá an Rialachán seo comhsheasmhach leis an Rialachán Airgeadais, lena mbunaítear go n-úsáidfead leithreasuithe i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, ina bhfuil trí phrionsabal: barainneacht (cuirfead acmhainní ar fáil in am trátha, i gcainníocht agus cáilíocht iomchuí, agus ag an bpraghas is fearr), éifeachtúlacht (idir na hacmhainní a úsáidtear, na gníomhaíochtaí a dhéantar agus baint amach na gcuspóirí) agus éifeachtacht (a mhéid a bhaintear amach na cuspóirí a leagtar amach leis na gníomhaíochtaí a dhéantar)⁵.

Ceanglaítear leis an Rialachán Airgeadais go gcuirfead cláir agus gníomhaíochtaí, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, chun feidhme ionas go mbainfidh siad amach na cuspóirí atá leagtha síos dóibh gan dochar suntasach a dhéanamh do bhaint amach cuspóirí comhshaoil

¹ Airteagal 33 den Rialachán Airgeadais

² Airteagal 125 den Rialachán Airgeadais

³ Airteagal 158 den Rialachán Airgeadais

⁴ Airteagal 34 den Rialachán Airgeadais

⁵ Airteagal 33(1) den Rialachán Airgeadais

(DNSH) agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú ag an am céanna, i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtachta agus na héifeachtúlachta.

Tá an creat sin go hiomlán comhsheasmhach freisin leis an gcuid eile de phacáiste CAI⁶, toisc go leagtar amach ann gnéithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an mbuiséad iomlán agus go gcomhlánaíonn sé gníomhartha dlí clárshonracha, nach bhfuil forálacha iontu maidir leis na gnéithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an gcreat feidhmíochta atá beartaithe, beifear in ann comhsheasmhacht a mhéadú le cuspóirí agus prionsabail bheartais an Aontais, trí chur chuige comhsheasmhach a chur chun cinn maidir le prionsabail chothrománacha agus beartais chothrománacha agus trí chóras rianaithe agus feidhmíochta caiteachais níos láidre a chur i bhfeidhm lenar féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn an buiséad le beartais an Aontais. Cuirtear san áireamh ann *acquis* an Aontais atá ann cheana le hoibleagáidí tuairiscithe agus rianaithe. Thairis sin, ní dhéanann an creat aon ghné bhreise le haghaidh faireacháin agus tuairiscithe neamhbhailí, lena n-áirítear táscairí ábhartha, a d'fhéadfadh an Coimisiún a chur i bhfeidhm chun tionchar bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos leithne.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le gealltanais an Choimisiúin simpliú a dhéanamh trí na hualaí riaracháin agus tuairiscithe araon a laghdú.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar phointe (a) d'Airteagal 322(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá glacadh rialacha ginearálta airgeadais an Aontais laistigh d'inniúlacht eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Tá an togra ceaptha chun feabhas a chur ar na rialacha maidir le rianú agus feidhmíocht an chaiteachais bhuiséadaigh, trí iad a dhéanamh níos simplí, níos comhsheasmhaí agus níos éadroime. Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun an méid sin a dhéanamh. Os a choinne sin, tá gné láidir simpliúcháin ag baint leis an togra seo. Cuireadh san áireamh freisin an gá atá le cur chuige comhréireach, go háirithe i ndáil leis na forálacha maidir le cur chun feidhme le haghaidh gach modh bainistíochta agus na ceanglais tuairiscithe atá le forchur ar fhaighteoirí cistithe ón Aontas.

- **An rogha ionstraime**

Is gníomh dlí aonair é an bealach is iomchuí chun an creat feidhmíochta atá beartaithe a oibriochtú i.e. rialachán lena gcuirtear tacar aonair rialacha ar fáil maidir le prionsabail chothrománacha, faireachán agus forálacha tuairiscithe.

⁶ Teachtaireacht maidir le Buiséad dinimiciúil an Aontais le haghaidh thosaíochtaí na todhchaí — Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034, COM(2025) 570 final.

Leis an rialachán feidhmíochta sin, tabharfar le chéile in aon áit amháin na forálacha feidhmíochta reatha atá scaipthe ar fud níos mó ná 50 clár sa tréimhse 2021-2027. Dá bhrí sin, meastar go ndéanfaidh glacadh an Rialacháin simpliú suntasach ar chúrsaí do na Ballstáit, do chomhpháirtithe cur chun feidhme, do thíortha comhpháirtíochta, do thairbhíthe agus d’institiúidí an Aontais.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Forbraíodh an togra bunaithe ar roinnt meastóireachtaí meántearma a bhaineann le cláir chaiteachais an Aontais, amhail na cinn faoin tSaoráid Téarnaimh (STA) agus Athléimneachta agus InvestEU.

Cuireadh i dtábhacht sna meastóireachtaí sin na dúshláin atá os comhair na mBallstát, na gcomhpháirtithe cur chun feidhme agus na dtairbhíthe agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ á chur chun feidhme acu. Áirítear orthu sin an t-ualach riaracháin, rochtain níos casta ar chistiú, éiginnteachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann agus easpa intuarthachta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar iomaíochas na bpríomhearnálacha a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais. Cuireadh i dtábhacht sna meastóireachtaí freisin go raibh ualach riaracháin ag baint le tacair sonraí táscairí a bhainistiú d’institiúidí agus do thairbhíthe an Aontais. Leis an gcreat feidhmíochta atá beartaithe, beifear in ann aghaidh a thabhairt ar na hábhair inní sin.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara go gníomhach i bpróiseas an tionscnaimh agus chuaigh sé i gcomhairle leo maidir le héifeachtacht chreat feidhmíochta bhuiséad an Aontais 2021-2027, tríd an dá rud seo a leanas:

- **comhairliúcháin thiomnaithe**, lena n-áirítear painéal saoránach maidir le buiséad nua an Aontais, an Chomhdháil ar an mBuiséad Bliantúil, agus *Tour d’Europe*;
- **comhairliúchán poiblí oscailte** ón 12 Feabhra 2025 go dtí an 7 Bealtaine 2025, bunaithe ar cheistneoir ar líne lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla d’fheidhmíocht bhuiséad an Aontais. Áiríodh 34 cheist san iomlán sa cheistneoir, inar díriodh ar éifeachtacht roinnt uirlisí a bhaineann le feidhmíocht, lena n-áirítear ceisteanna sonracha maidir le comhionannas inscne agus leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, agus uirlisí faireacháin atá ann cheana amhail táscairí, chomh maith le tuarascálacha, deaiseanna agus tairseacha a úsáidtear chun faisnéis feidhmíochta a thuairisciú agus tairbhíthe féideartha a chur ar an eolas faoi dheiseanna cistiúcháin. Fuarthas freagra ó 555 pháirtí leasmhara san iomlán, ó 26 Bhallstát agus ó 8 dtír nach tíortha den Aontas iad.

Tacaíonn freagraí na bpáirtithe leasmhara le sainiú na faidhbe ar an measúnú tionchair, go háirithe maidir le dúshláin a bhaineann le comhionannas inscne, cur chun feidhme an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus maidir le faireachán trí tháscairí. Chuir páirtithe leasmhara gnéithe breise ar fáil chun an fhadhb a shainiú, go háirithe maidir leis an ngá atá le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i bpróisis feidhmíochta agus maidir leis an ngá atá le fothú acmhainneachta. Rinne an painéal saoránach roinnt moltaí. Is téama é an gá

atá le nósanna imeachta a bhaineann le buiséad an Aontais a shimpliú, ar nósanna imeachta iad lena ngintear ualach agus costais mhóra riaracháin faoi láthair a tháinig anuas arís agus arís freisin le linn an phlé agus bhí sé le feiceáil sna moltaí, chomh maith leis an ngá atá le trédhearcacht agus cuntasacht i gcaiteachas chistí an Aontais. staidéar meastóireachta seachtraí ar na rialacha cumarsáide agus infheictheachta i gclár chistiúcháin an Aontais, tugadh i gcrích i mí an Mheithimh 2025. Cuirtear san áireamh a mholtaí maidir le tuilleadh comhleanúnachais, simplíochta, éifeachtachta agus lena ndírítear ar bhreisluach an Aontais, lena n-áirítear ar an tsaincheist maidir le ráiteas cistiúcháin uathúil a bhfuil an suaitheantas Eorpach ag gabháil leis.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh gá le tacaíocht ó chomhairleoirí chun an measúnú tionchair agus an dréachtrialachán a ullmhú, ach bhunaigh an Coimisiún é féin ar athbhreithniú ar an litríocht a bhí ar fáil mar atá doiciméadaithe sa tuarascáil ar an measúnú tionchair, e.g. tuarascálacha ó Pharlaimint na hEorpa agus doiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne etc.

- **Measúnú tionchair**

Bhí measúnú tionchair ina thaca ag an togra seo⁷.

Sainaitnítear sa mheasúnú tionchair trí leibhéal fhéideartha de chomhchuibhiú na bhforálacha feidhmíochta cé go bhfuil cás bunlíne ann faoina leanfaí de cheanglais feidhmíochta a shocrú ar leibhéal an chláir cosúil leis an tréimhse 2021-2027, leibhéal idirmheánach comhchuibhithe, agus leibhéal comhchuibhithe níos airde ar na ceanglais feidhmíochta ar fud na gclár. Leagtar amach sa mheasúnú tionchair trí rogha beartais i dtí réimse.

- Clárscéidealú: bonnlíne (rialacha clárshonracha), rialacha a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht bunaithe ar cheanglais chomhchuibhithe ar fud na gclár (le comhchuibhiú calabraithe agus oibríochtú difreáilte le haghaidh gach modha bainistíochta), agus rialacha a bhaineann go sonrach le gníomhaíocht bunaithe ar cheanglais atá comhchuibhithe go hiomlán.
- Faireachán: bonnlíne (rialacha clár-shonracha maidir le modheolaíochtaí rianaithe agus táscairí feidhmíochta a shainiú), modheolaíocht aonair chun caiteachas a rianú trí réimsí idirghabhála agus tacar teoranta comhtháscairí feidhmíochta éigeantacha (agus solúbthacht ann chun táscairí feidhmíochta clárshonracha breise a ghlacadh), agus modheolaíocht aonair le haghaidh bhuiséad an Aontais chun caiteachas a rianú trí réimsí idirghabhála agus liosta lán-chomhchuibhithe de tháscairí feidhmíochta ar fud na gclár (nasctha le réimsí idirghabhála).
- Tuairisciú: bonnlíne (ceanglais tuairiscithe clárshonracha, deaiseanna agus tairseacha), tuarascáil feidhmíochta aonair agus tairseach aonair ina bhfuil faisnéis maidir le feidhmíocht agus deiseanna cistiúcháin (le hoibríochtú difreáilte na tairisí aonair le haghaidh gach modha bainistíochta nó earnála bainistíochta), agus tuarascáil feidhmíochta aonair agus tairseach aonair ina bhfuil faisnéis maidir le feidhmíocht agus deiseanna cistiúcháin (le hoibríochtú lán-chomhchuibhithe ar fud na modhanna bainistíochta).

⁷ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an doiciméad seo, SWD(2025) 590 final agus SWD52025) 591.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

An Rialachán atá beartaithe, ní athbhreithniú é ar an reachtaíocht atá ann cheana agus sin amháin, agus tá an rogha beartais ab fhearr i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí na hoiriúnachta rialála (REFIT) maidir le simpliú agus laghdú an mhaorlathais. Meastar gurb é a bheidh mar thoradh ar an Rialachán laghdú nach beag ar an ualach riaracháin agus éifeachtúlacht níos fearr a bhuí leis an meascán roghanna tosaíochta, rud a fhágfaidh gur féidir costais rialála a laghdú go mór. Leis an laghdú mór ar líon na dtáscairí feidhmíochta agus le bunú tairsí aonair ina bhfuil faisnéis maidir le feidhmíocht agus deiseanna cistiúcháin, laghdaítear go mór an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe bhuiséad an Aontais amhail gnólachtaí - lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) - na Ballstáit, comhpháirtithe cur chun feidhme agus tíortha nach bhfuil san Aontas, agus cuspóir REFIT á bhaint amach go díreach, is é sin an rómhaorlathas a laghdú agus costais a laghdú do pháirtithe leasmhara, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca rochtain a fháil ar chistí an Aontais. Rachaidh an creat atá beartaithe chun tairbhe do FBManna go háirithe, ós rud é go bhfuil foireann theoranta acu agus gur féidir le castacht na gceanglas feidhmíochta buiséid difear díréireach a dhéanamh dóibh. Cuirfidh sé sin leis an rochtain atá ag FBManna ar chistí an Aontais.

- **Ceartha bunúsacha**

Comhlíonann an Rialachán atá beartaithe Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tacaíonn sé le cuspóirí Aontas an Chomhionannais, go háirithe comhionannas inscne ar fud chláir chaiteachais an Aontais. Déanfar tacaíocht an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, i gcomhréir le hAirteagal 6 den Rialachán Airgeadais.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mar gheall ar chineál cothrománach an Rialacháin atá beartaithe, ní chruthaítear gealltanais bhuiséadacha neamhspleácha nua leis. Ina ionad sin, tacófar lena chur chun feidhme tríd an mbuiséad a leithdháiltear ar chláir an Aontais agus ar an gcaiteachas riaracháin.

Ar an iomlán, meastar gur féidir an Rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme ar bhonn leibhéil chobhsaí foirne don Choimisiún, i gcomparáid le CAI 2021-2027. Tugtar isteach leis roinnt beart simplithe agus cuíchóirithe a mheastar a ghinfidh gnóthachain éifeachtúlachta agus coigiltis riaracháin san fhadtéarma. D'fhéadfadh na coigiltis fhéideartha sin eascairt go háirithe as comhchuibhiú táscairí rianaithe caiteachais agus feidhmíochta trí liosta coiteann aonair de réimsí idirghabhála agus táscairí, rud a laghdódh líon iomlán na dtáscairí feidhmíochta ó 5 000 go 700, a bheag nó a mhór.

Meastar go mbeidh gnóthachain éifeachtúlachta bhreise ann ó shimpliú na meastóireachtaí ar chláir, agus cuirtear tuarascáil chuíchóirithe ar chur chun feidhme in ionad meastóireachtaí meántéarmacha lena soláthraítear fianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil ar dhul chun cinn freisin, agus ó chomhdhlúthú an tuairiscithe feidhmíochta sa Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht. Trí roinnt deiseanna agus tairseacha a chumasc in aon tairseach amháin (an Tairseach Aonair), meastar freisin go laghdófar na hacmhainní TF is gá le haghaidh forbartha agus cothabhála. Le comhchuibhiú na bhforálacha cumarsáide ar fud na gclár, laghdófar freisin na hacmhainní is gá chun infheictheacht thacaíocht an Aontais a áirithiú.

Mar sin féin, is dócha go ndéanfar na gnóthachain fhadtéarmacha a bhfuil coinne leo a fhritháireamh le riachtanais mhéadaithe i réimsí eile, amhail iad siúd a bhaineann le cur chun

feidhme agus cothabháil an chreata nua rianaithe caiteachais agus feidhmíochta agus le forbairt na tairsí Aonair, chomh maith le hoibriú leanúnach na tairsí sin. Sna chéad chúpla bliain, beidh ar an gCoimisiún leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht CAI 2021-2027, rud a éileoidh acmhainní áirithe atá ann cheana a choinneáil ar bun. Chun freastal ar na riachtanais athraitheacha sin, déanfaidh an Coimisiún baill foirne agus acmhainní a athimlonnú go himmheánach de réir mar is gá.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar leordhóthanacht liosta na réimsí idirghabhála agus na dtáscairí feidhmíochta - atá le glacadh mar chuid den Rialachán - chun measúnú a dhéanamh ar aon bhearna nó easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar bheart maolaithe, tabharfar de chumhacht don Choimisiún sa Rialachán gníomh tarmhligthe a ghlacadh lena ndéanfar athbhreithniú ar an liosta, de réir mar is ábhartha, le linn chur chun feidhme an bhuiséid tar éis 2027.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Caibidil 1 – Forálacha ginearálta

Leagtar amach sa Rialachán rianú caiteachais agus creat feidhmíochta araon don bhuiséad, lena n-áirítear na rialacha chun cur chuige aonair cuíchóirithe a áirithiú i leith chur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí agus i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta a leagtar amach in Airteagal 33(1) den Rialachán céanna, chomh maith le prionsabail chothrománacha eile. Leagtar amach ann freisin rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin an Aontais a bhunú, rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht (Airteagal 1).

Caibidil 2 Prionsabail Choithrománacha

Leagtar amach sa Rialachán na rialacha chun faireachán a dhéanamh ar rannchuidiú an bhuiséid le cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta, chomh maith le sprioc maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil le sásraí iomchuí chun a áirithiú gur féidir an cuspóir sin a bhaint amach (Airteagal 4).

Leagtar síos leis an Rialachán rialacha comhchoiteanna chun an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (Airteagal 5) a chur chun feidhme trí threoir aonair shimplithe. Leagtar síos sa Rialachán freisin rialacha maidir le beartais shóisialta chun a áirithiú go gcuirfead cláir agus ghníomhaíochtaí chun feidhme agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú faoi na dlíthe is infheidhme, agus go ndéanfar faireachán ar an ranníocaíocht ón mbuiséad le beartais shóisialta (Airteagal 6).

Leagtar síos in Airteagal 7 rialacha maidir le prionsabal an chomhionannais inscne a chur chun feidhme. Leagtar amach liosta na gclár de chuid an Aontais a bhfuil ábharthacht inscne ag baint leo in Iarscríbhinn IV, a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún iad a leasú trí ghníomh tarmhligthe. Leagtar síos sa Rialachán freisin modheolaíocht comhionannais inscne

atá bunaithe ar thrí chatagóir gníomhaíochtaí agus ar scóir chomhionannais inscne chomhfhreagracha, a mbeidh treoir theicniúil arna soláthar ag an gCoimisiún ag tacú leo.

Caibidil 3 — Rianú caiteachais buiséid agus creat feidhmíochta, faireachán ar thuairisciú, meastóireacht agus trédhearcacht

Bunaítear leis an Rialachán creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid bunaithe go príomha ar liosta aonair de réimsí idirghabhála, comhéifeachtaí AE a shanntar do na réimsí idirghabhála chun a rannchuidiú le beartais a chinneadh, agus táscairí feidhmíochta aschuir agus toraidh a bhaineann le gach réimse idirghabhála, a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Airteagal 8). Leagtar síos leis freisin rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na glár arna maoiniú ag an mbuiséad (Airteagal 9), maidir le meastóireachtaí an Choimisiúin (Airteagal 10) agus maidir le meastóireachtaí ag na Ballstáit i gcomhthéacs na glár a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte (Airteagal 11).

Le hAirteagal 12 bunaítear suíomh gréasáin poiblí (an Tairseach Aonair) ar a bhfuil faisnéis maidir le cur chun feidhme airgeadais agus feidhmíocht an bhuiséid, maidir le faighteoirí cistí a mhaoinítear ón mbuiséad de réir Airteagail 38 agus Airteagal 142(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, maidir le hoibríochtaí a bhfuil ardacmhainneacht acu agus a bhfuil idirdhealuithe speisialta nó suaitheantas barr feabhais faighte acu, maidir le glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin arna maoiniú ag an mbuiséad, agus maidir le seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta gnó arna gcistiú ag an mbuiséad, agus ardán á chur ar fáil do thionscnóirí chun oibríochtaí a chur i láthair infheisteoirí ionchasacha.

Caibidil 4 - Cur chun feidhme

Leagtar síos i gCaibidil 4 rialacha maidir le prionsabail chothrománacha agus faireachán feidhmíochta i ndáil le pleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit nó ag tríú tíortha (Airteagal 13 agus Airteagal 14 faoi seach). Leagtar amach in Airteagal 14 na rialacha ar dá réir a bheidh córas faireacháin agus tuairiscithe ag gach Ballstát chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun faisnéis a tharchur go huathoibríoch maidir leis an gcreat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta, lena n-áirítear trí réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta ábhartha a shannadh do gach beart den phlean atá i gceist. Leagtar síos leis an Rialachán freisin rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú feidhmíochta agus soláthar faisnéise maidir le deiseanna cistiúcháin i bpleananna arna dtarraingt suas ag tríú tíortha (Airteagal 15).

Leagtar síos in Airteagal 16 rialacha maidir le cur chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach, amhail comhionannas inscne a áireamh sna critéir a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, agus réimse idirghabhála amháin ar a laghad a shannadh do ghníomhaíochtaí incháilithe i gcláir oibre. Leagtar síos in Airteagal 17 rialacha maidir le cur chun feidhme faoin mbainistíocht indíreach, amhail a áirithiú go gcomhlíonann gníomhaíochtaí atá le maoiniú faoi bhainistíocht indíreach ag daoine nó ag comhlachtaí a chuireann cistí de chuid an Aontais chun feidhme ceanglais Airteagal 33(2) pointí (d) go (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Caibidil 5 – Cumarsáid, cosaint sonraí pearsanta agus forálacha críochnaitheacha

Leagtar síos in Airteagal 18 rialacha comhchoiteanna maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht thacaíocht an Aontais. Bainfear úsáid as suaitheantas an Aontais i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún iad a leasú trí ghníomh tarmlichte. Leagtar síos in Airteagal 19 na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i

gcomhréir le RGCS. Leagtar amach sa Rialachán freisin rialacha maidir leis an tarmligean a fheidhmiú, lena gcumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe ábhartha a ghlacadh (Airteagal 20), agus maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin (Airteagal 21).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(1), pointe (a) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí⁸,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach⁹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don Rialachán seo na heilimintí a leagan síos le haghaidh creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta is infheidhme maidir le cur chun feidhme an chaiteachais is iomchuí do gach modh cur chun feidhme agus lena gcomhlánaítear rialacha Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ('an buiséad') mar chuid de na rialacha airgeadais de réir bhrí Airteagal 322(1), pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Go sonrach, ba cheart rialacha a bhunú maidir le faireachán a dhéanamh ar chaiteachas buiséid, maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, chomh maith le rialacha maidir le meastóireacht ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí. Tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo freisin rialacha comhchoiteanna a leagan amach chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus phrionsabal an chomhionannais inscne a áirithiú; mar aon le rialacha comhchoiteanna eile is infheidhme ar fud an bhuiséid amhail na rialacha chun Tairseach Aonair a bhunú, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht. Féadfaidh an Coimisiún eilimintí breise a chur i bhfeidhm le haghaidh faireacháin agus tuairiscithe, lena n-áirítear táscairí ábhartha, chun tionchar bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.

⁸ [...]

⁹ [...]

¹⁰ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

- (2) Tagraíonn rianú caiteachais don fhaireachán ar an gcaoi a n-úsáidtear cistí chláir bhuiséid an Aontais ar fud catagóirí gníomhaíochtaí, chun trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú. Braitheann an faireachán go príomha ar ghealltanais bhuiséadacha, atá neamhspleách ar shamhail seachadta na gclár agus ar an gcaoi a n-eisíoctar na cistí le tairbhíthe.
- (3) Tagraíonn creat feidhmíochta an bhuiséid do na rialacha arb é is aidhm dóibh faireachán a dhéanamh ar na torthaí a bhaintear amach agus tá sé ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuirfear an buiséad chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, agus dá bhrí sin go mbeidh prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta a leagtar amach in Airteagal 33(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 á n-urramú.
- (4) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach¹¹, leagann sé síos spriocanna arb é is aidhm dóibh simpliú a bhaint amach, lena n-áirítear an t-ualach riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad le haghaidh gach cuideachta agus 35 % ar a laghad le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide. Ba cheart creat aonfhoirmeach rianaithe caiteachais agus feidhmíochta ar fud chláir an Aontais a bhunú chun rannchuidiú leis na hiarrachtaí simpliúcháin sin trí na costais riaracháin a bhaineann lena chur chun feidhme a laghdú don Choimisiún, do na Ballstáit, do thríú tíortha, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus do thairbhíthe. Chun cuspóir an tsimplithe a bhaint amach, go sonrach, ba cheart oibleagáidí tuairiscithe d'fhaighteoirí a bheith comhréireach i gcónaí ar fud mhodhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid. Ba cheart an simpliú a léiriú i ngach doiciméad ábhartha, amhail cláir oibre agus comhaontuithe. Thairis sin, ba cheart an tuairisciú ón gCoimisiún maidir le feidhmíocht an bhuiséid a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos éasca.
- (5) Cur i bhfeidhm cuíchóirithe an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (d) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ba cheart é a bheith bunaithe ar threoraíocht shimplí aonair. Ba cheart don Choimisiún an treoraíocht theicniúil sin a chur ar fáil faoin 1 Eanáir 2027. Ba cheart an treoraíocht sin a bheith bunaithe ar phrionsabail uileghabhálacha na soiléireachta, an tsimplithe agus na comhréireachta, ag féachaint do phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta agus do na cuspóirí a leagadh síos don chlár nó don ionstraim a bhaint amach i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais. Ba cheart aird chuí a thabhairt inti ar na hardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a sholáthraítear le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, agus ar an ngá atá le dúbláil leis na ceanglais sin a sheachaint.
- (6) Ós rud é go bhfuil na costais eacnamaíocha, airgeadais agus shochaíocha a bhaineann leis an athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil ag dul i méid, tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa dícharbónú, san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, sa gheilleagar ciorclach, san athléimneacht uisce agus sa chomhshaol nádúrtha. Tá sé fíor-riachtanach, go háirithe, feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide agus teagmhais adhamsire a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh, agus na hinfeistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint. Trí theicneolaíochtaí agus réitigh nuálacha nua a chur in úsáid chun borradh a chur faoin athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, méadófar buntáiste iomaíoch cuideachtaí an Aontais an tráth céanna, ní hamháin trína n-acmhainneacht oiriúnaitheach fheabhsaithe agus trína

¹¹ Teachtaireacht maidir le Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final.

n-athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ach mar gheall ar dheiseanna nua onnmhairiúcháin freisin.

- (7) An 17 Samhain 2017, d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Colún Eorpach na gCeart Sóisialta go comhphárteach mar fhreagairt ar na dúshláin shóisialta san Eoraip agus chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár. Ba cheart córas a chur ar bun chun a áirithiú go ndéanfar faireachán córasach trédhearcach ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis na cuspóirí sóisialta sin laistigh den Aontas. Tá tábhacht ar leith ag baint le cearta sóisialta agus dálaí córa oibre agus saothair a chur chun cinn, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gcomhréir le hAirteagal 9 CFAE agus Airteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, lena leagtar síos an ceanglas maidir le cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, agus dálaí oibre agus fostaíochta á n-urramú faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais, faoi choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE, beidh sé d'aidhm ag an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh. Dá bhrí sin, le hAirteagal 33(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagtar síos an ceanglas maidir le cur chun feidhme cláir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus i gcomhréir le modheolaíocht iomchuí maidir le príomhshruthú inscne, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí. Dá bhrí sin, ba cheart tacar aonair rialacha a bhunú leis an Rialachán seo chun prionsabal an chomhionannais inscne a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach. Go sonrach, ba cheart an mhodheolaíocht maidir le príomhshruthú inscne a leagan amach sa Rialachán seo, trí chur leis an modheolaíocht a d'fhorbair an Coimisiún faoi CAI 2021-2027 agus a úsáideadh den chéad uair don bhliain airgeadais 2021, chun caiteachas a rannchuidíonn leis an gcomhionannas inscne a thomhas trí bhíthin córas scórála bunaithe ar na cuspóirí atá á saothrú leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chláir an Aontais. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an phrionsabail sin a áirithiú. Ba cheart a shonrú sa Rialachán seo freisin cé na sonraí a bhailítear i ndáil le táscairí feidhmíochta ba cheart a mhiondealú, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, de réir inscne.
- (9) Tá bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid le forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092¹² a chomhlíonadh, de bhun Airteagal 6(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Thairis sin, agus an buiséad á chur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún comhlíontacht le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 51 den Chairt, agus urramóidh siad luachanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE atá ábhartha i gcur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear prionsabail an Smachta Reachta, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
- (10) Le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuirtear toirmeasc ar idirdhealú bunaithe ar mhíchumas agus ráthaítear an ceart atá ag daoine faoi mhíchumas chun neamhspleáchais, chun lánpháirtíochta sóisialta agus gairmiúla, agus chun bheith

¹² Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 1).

rannpháirtíocht i saol an phobail. Thairis sin, is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, lena gceanglaítear go gcuirfear cosaint agus cur chun cinn chearta an duine atá ag daoine faoi mhíchumas san áireamh i ngach beartas agus clár. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú leis an mbuiséad go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas agus a gcomhdheiseanna a chur chun cinn go héifeachtach agus anuas air sin é ba cheart é a bheith mar aidhm leis aon neamhionannas a bhaint, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí. Go sonrach, ba cheart é a bheith d’aidhm ag na cláir agus na gníomhaíochtaí inrochtaineacht a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i ngach bonneagar, táirge agus seirbhís, lena n-áirítear sa timpeallacht thógtha, san iompar agus san fhaisnéis agus sa chumarsáid mar aon le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Ba cheart é a bheith d’aidhm acu freisin tacú leis an maireachtáil neamhspleách agus an t-aistriú ó chúram cónaithe nó institiúideach go seirbhísí agus tacaíocht teaghlaigh agus pobalbhunaithe a chur chun cinn.

- (11) I gcomhréir le huaimhian straitéiseach an Aontais ceannasacht dhigiteach a bhaint amach agus a athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a neartú, ba cheart an creat feidhmíochta dul chun cinn a chothú i dtreo na spriocanna digiteacha agus an chlaohlaithe dhigitigh, lena n-áirítear bonneagar digiteach inbhuanaithe athléimneach a fhorbairt agus a chur in úsáid, nascacht ardluais, glacadh forleathan ardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail IS, ag gnólachtaí agus ag riarachán poiblí, agus scileanna digiteacha a neartú ar fud na hEorpa. Dá réir sin, ba cheart a chur san áireamh i ndearadh agus i gcur chun feidhme na gclár a mhéid a rannchuidíonn siad le baint amach an chlaohlaithe dhigitigh agus le glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha agus sainiúlachtaí agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú san am céanna. Leis an Rialachán seo, éascaítear rianú an chaiteachais dhigitigh i gcomhréir le cuspóirí na Deacáide Digítí¹³ trí na príomhréimsí idirghabhála atá ábhartha don aistriú digiteach a chomhtháthú sa réimse beartais aonair ‘teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagair dhigiteacha’. Sa réimse beartais sin, chumhdófaí formhór mór an chaiteachais atá ábhartha don Deacáid Dhigiteach, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí faireachán a dhéanamh ar fhormhór an chaiteachais i dtreo na tosaíochta tábhachtaí sin.
- (12) Tá méadú ag teacht ar na costais eacnamaíocha, airgeadais agus shóisialta a bhaineann leis an athrú aeráide, le guaiseacha nádúrtha, le héigeandálaí sláinte, le tionóiscí teicneolaíochta, le bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus le suaití eile. Tá sé fíor-riachtanach feabhas a chur ar chumas an Aontais agus na mBallstát géarchéimeanna, tubaistí agus tionchair an athraithe aeráide a réamh-mheas, mar aon le hullmhú agus freagairt dóibh, chun na hinfheistíochtaí faoi bhuiséad an Aontais a chosaint agus chun an tslándáil inmheánach a dhaingniú. Dá bhrí sin, trí dhearadh sonrach na hullmhachta agus na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide, ba cheart a áirithiú leis na cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha go dtacófar le hathchóirithe agus le hinfheistíochtaí lena neartaítear bainistiú riosca agus géarchéimeanna tubaistí, go ndéanfar infheistíocht in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, go bhfeabhsófar athléimneacht feidhmeanna sochaíocha rithábhachtacha, agus go bhforbrófar sochaithe atá níos athléimní, níos sláine agus níos ullmhaithe, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise um Aontas na hUllmhachta¹⁴, na Straitéise Eorpaí um an

¹³ Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

¹⁴ Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an Straitéis um Aontas na hUllmhachta, JOIN(2025) 130 final.

tSlándáil Inmheánach¹⁵ agus oibleagáid an Aontais faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/1119¹⁶ ('an Dlí Aeráide Eorpach') chun leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú.

- (13) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud chláir an Aontais, lena bhféadfar measúnú cuimsitheach agus inchomparáide a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtaí na gclár, ba cheart córas aonfhoirmeach a bhunú chun caiteachas buiséid a rianú, agus chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid, mar aon le rannchuidiú le feidhmíocht fhoriomlán an bhuiséid a thomhas. Bheadh an córas sin ina fhorbairt ar na cineálacha cur chuige atá ann cheana, go háirithe an cur chuige chun rannchuidithe i dtreo tosaíochtaí uileghabhálacha beartais a thomhas trí chomhéifeachtaí de chuid an Aontais a úsáid, agus ba cheart é a bhunú ar ghnéithe coiteanna, mar atá liosta catagóirí réamhshainithe a úsáidtear chun gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad a aicmiú ('réimsí idirghabhála'), comhéifeachtaí de chuid an Aontais a shanntar do na réimsí idirghabhála sin chun a rannchuidiú le beartais a chinneadh, agus táscairí feidhmíochta, ina bhfuil táscairí aschuir agus toraidh araon, chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí ghníomhaíochta an Aontais ar an talamh. Ba cheart sainiúlachtaí na gclár éagsúil a chur san áireamh sa chóras, amhail méid, fad agus suíomh an chur chun feidhme. Níor cheart a thuiscint leis go gcinntear incháilitheacht idirghabhála faoin mbuiséad, rud atá bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin. Ar an gcaoi chéanna, ní dhéanann an córas an méid a mhaoinéofar nó nach maoineofar ón mbuiséad a bhunú ná a réamh-mheas. Ba cheart an córas sin a bheith gan dochar do rialacha faireacháin agus tuairiscithe eile a d'fhéadfaí a bhunú chun tionchar bheartais agus gníomhaíochtaí an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.
- (15) Ba cheart córas na réimsí idirghabhála a bhunú chun cumhdach cuimsitheach a áirithiú do gach cineál gníomhaíochta a mhaoinítear leis an mbuiséad. Chuige sin, ba cheart sraith réimsí idirghabhála lena gcuimsítear catagóirí leathana gníomhaíochtaí a shainiú. De bhun phrionsabal na bainistíochta fóna airgeadais agus chun tuairisciú fóinteach ar fheidhmíocht an bhuiséid a chumasú, ba cheart réimsí idirghabhála a shannadh do ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad ar bhealach a léiríonn cineál agus cuspóirí na ngníomhaíochtaí sin chomh sonrach agus is féidir. I gcás inarb ábhartha, i gcásanna ina mbeidh faisnéis bhreise ar fáil le linn chur chun feidhme na tacaíochta buiséadaí, go háirithe maidir le bearta a chuirtear chun feidhme mar ionstraimí airgeadais nó mar ráthaíochtaí buiséadacha, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun réimse idirghabhála níos sonraí a shannadh, má tá sé ar fáil.
- (16) Tagraítear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 don ghá atá le rianú a dhéanamh ar chaiteachas buiséad an Aontais a rannchuidíonn leis an gcomhionannas inscne, chomh maith le caiteachas ar mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide agus ar chosaint na bithéagsúlachta. Ní mór an caiteachas a rannchuidíonn leis an maolú ar an athrú aeráide, leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an mbithéagsúlacht a rianú freisin chun ceanglais tuairiscithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht a chomhlíonadh. Ba cheart córas caighdeánaithe a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí a chistítear faoin mbuiséad a aicmiú, rud a d'éascódh rianú

¹⁵ Teachtaireacht maidir le ProtectEU: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, COM(2025) 148 final.

¹⁶ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

beartas agus comhiomlánú an rannchuidithe ó gach gníomhaíocht nó clár ar bhealach níos éifeachtúla.

- (17) Tá comhéifeachtaí aeráide an Aontais bunaithe ag an gCoimisiún chun caiteachas bhuiséad an Aontais a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus a léiríonn cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chainníochtú. Faoin gcóras sin¹⁷, sanntar comhéifeacht 100 % do ghníomhaíochtaí a meastar iad a bheith ina rannchuidiú substaintiúil le cuspóirí maidir le maolú ar an athrú aeráide nó oiriúnú don athrú aeráide i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais, sanntar comhéifeacht 40 % do ghníomhaíochtaí a meastar iad a bheith ina rannchuidiú dearfach neamhimeallach leis na cuspóirí maidir le maolú ar an athrú aeráide nó oiriúnú don athrú aeráide, agus sanntar comhéifeacht 0 % do ghníomhaíochtaí a meastar tionchar neodrach a bheith acu ar chuspóirí aeráide. I gcás roinnt gníomhaíochtaí, léiríonn comhéifeachtaí aeráide an Aontais critéir scagtha theicniúla Thacsanomaíocht an Aontais maidir le gníomhaíochtaí inbhuanaithe.
- (18) Le cur chuige an rianaithe dá bhforáiltear faoin Rialachán seo, cuirfead é ar a chumas don Choimisiún leanúint de thuairisciú a dhéanamh ar a Chúnamh Oifigiúil Forbraíochta don Choiste um Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.
- (19) Ceanglaítear le hAirteagal 33(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 go ndéanfar faireachán ar tháscairí feidhmíochta, ar tháscairí iad atá le bheith ábhartha, inghlactha, inchreidte, éasca agus stóinsithe, agus ar bhealach lena bhféadfar na sonraí a chomhiomlánú ar fud na gclár san am céanna. Is gá, dá bhrí sin, liosta táscairí feidhmíochta a leagan amach agus ba cheart na táscairí sin a bheith gonta agus comhréireach, teoranta ó thaobh líon na dtáscairí feidhmíochta de agus gan ualach iomarcach riaracháin a bheith mar thoradh orthu. Níor cheart táscairí feidhmíochta, lena n-áirítear táscairí aschuir agus toraidh, a úsáid ach amháin chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid, agus chun bonn eolais a chur faoi mheastóireacht na gclár agus ba cheart iad a bheith gan dochar d'fhaisnéis bhreise a d'fhéadfaí a fháil trí rialacha eile faireacháin, tuairiscithe agus meastóireachta chun tionchar bheartais an Aontais a thomhas ar bhonn níos forleithne.
- (20) I gcomhthéacs tuairisciú bliantúil an Choimisiúin ar thionchar bhannaí glasa Next Generation EU, tá modheolaíocht forbartha aige chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa arna seachaint a ríomh, agus é mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht don aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Is gá leanúint de mhodheolaíochtaí iomchuí a fhorbairt chun astaíochtaí gás ceaptha teasa arna seachaint a ríomh mar tháscaire toraidh, bunaithe ar tháscairí aschuir, chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le tuairisciú ar fheidhmíocht a laghdú, go háirithe do na Ballstáit.
- (21) Chun comhsheasmhacht, trédhearcacht, inchomparáideacht agus cuntasacht a áirithiú ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí uile faoin mbuiséad, ba cheart rialacha comhchoiteanna a sholáthar i ndáil leis an meastóireacht ar na cláir agus na gníomhaíochtaí sin ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. De bhreis ar mheastóireacht shiarghabhálach i gcomhréir leis an bhforáil sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheántearma ar chur chun feidhme a fhoilsiú freisin maidir le gach clár nó gníomhaíocht lena mbaintear leas as fianaise chainníochtúil agus ardcháilíochta chun léargas a thabhairt ar an dul chun cinn

¹⁷ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an struchtúr um príomhshruthú an athraithe aeráide i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, SWD(2022) 225 final.

atá déanta i dtreo a gcuspóirí a bhaint amach. Agus meastóireachtaí á ndéanamh aige, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gCoimisiún, go háirithe, an rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais, le fás OTI agus le rátaí fostaíochta san Aontas a chainníochtú a mhéid is féidir. Féadfaidh tríú tíortha a bheith rannpháirteach i meastóireachtaí a dhéanann na Ballstáit freisin, maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí comhair idir na Ballstáit agus tríú tíortha. Ba cheart na meastóireachtaí a dhéanamh ar bhealach sách tráthúil chun cur leis an bpróiseas cinnteoireachta, agus d'fhéadfaí cláir, gníomhaíochtaí nó grúpaí gníomhaíochtaí a chumhdach leo.

- (22) Ba cheart rochtain ar fhaisnéis faoin mbuiséad a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtúla, chun trédhearcacht agus cuntasacht an bhuiséid a mhéadú agus chun an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí agus ar thairbhíthe a shimpliú agus, ar deireadh, chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an bhuiséid agus gníomhaíocht an Aontais a neartú. Ba cheart suíomh gréasáin tiomnaithe aonair atá ar fáil go poiblí ('Tairseach Aonair') a chur ar bun chun faisnéis a thaispeáint faoi chur chun feidhme agus feidhmíocht an bhuiséid, chomh maith le faisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin. Leis an Tairseach Aonair, a mhéid is féidir, cuirfear leis na huirlisí atá ann cheana, i gcomhréir le Straitéis Dhigiteach an Choimisiúin Eorpaigh agus leis an gcur chuige 'athúsáid, ceannach, tógáil' a bhaineann leis. Ba cheart é a bheith so-úsáidte agus deartha chun oiriúnú do riachtanais na n-úsáideoirí éagsúla. Ina theannta sin, ba cheart feidhmeanna eile a chomhtháthú sa Tairseach Aonair freisin, amhail sonraí a thaispeáint maidir le faighteoirí agus maidir le hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbuiséad.
- (23) Ba cheart cur chun feidhme na bhforálacha maidir le comhionannas inscne, chomh maith leis na forálacha maidir le faireachán feidhmíochta, tuairisciú agus deiseanna cistiúcháin, a shoiléiriú le haghaidh gach modha cur chun feidhme. Ba cheart a chur san áireamh, go háirithe, go bhfuil cuid den bhuiséad le cur chun feidhme trí phleananna a ullmhóidh agus a thíolacfaidh na Ballstáit, ina leagfar amach a gclár oibre maidir le hathchóirithe, infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile, agus trí phleananna feidhmíochtbhunaithe ó thríú tíortha. Ba cheart tagairtí do phleananna ó thríú tíortha a thuiscint mar thagairtí nach gcumhdaítear leo ach tíortha is iarrthóirí ar bhallaíocht san Aontas, tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus tíortha Chomharsanacht an Oirthir. Féadfar tacaíocht a chur ar fáil do thríú tíortha eile ar bhealaí eile seachas trí bhíthin phleananna. I bhfianaise imthosca sonracha tríú tíortha agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart na tíortha sin tairbhiú de níos mó solúbthachta i gcur chun feidhme fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo. Na forálacha ábhartha chun eilimintí éagsúla den Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a bheith sna comhaontuithe le gach comhpháirtí cur chun feidhme, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an chreata rianaithe caiteachais agus feidhmíochta, agus acmhainneacht an chomhpháirtí cur chun feidhme sin, i measc nithe eile, á cur san áireamh.
- (24) Áirithítear le cumarsáid shoiléir maidir le tacaíocht ón mbuiséad agus a bhfuil bainte amach aige go mbeidh a fhios ag saoránaigh agus gnólachtaí an Aontais cén chaoi a gcaitear cistí, rud a mhéadaíonn trédhearcacht, feasacht agus rannpháirtíocht an phobail. Ba cheart rialacha comhsheasmhacha maidir le hoibleagáidí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta a leagan síos, go háirithe oibleagáidí ar thairbhíthe agus ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar na Ballstáit, ar thríú tíortha agus ar institiúidí an Aontais, agus na himthosca sonracha faoina bhféadfar an buiséad a chur chun feidhme á gcur san áireamh. Tá an méid sin gan dochar do mhódúlachtaí breise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach le linn chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear maidir le húsáid brandaí a bhaineann le cistiú ón Aontas faoi chlár.

- (25) Chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, faoin Rialachán Airgeadais agus faoi na rialacha earnáilsonracha a dhéanamh, go háirithe faireachán, tuairisciú, cumarsáid, foilsiú, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíoruithe, iniúchtaí agus, i gcás inarb infheidhme, incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh, is gá catagóirí éagsúla sonraí pearsanta a bhaineann le heintitis atá rannpháirteach i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais a bhailiú agus a phróiseáil ionas go bhféadfar, i measc nithe eile, na heintitis sin a shainaithint, táscairí feidhmíochta iomchuí a ríomh agus meastóireacht a dhéanamh ar bhaint amach cuspóirí sna hearnálacha ábhartha.
- (26) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an méid seo a leanas: an liosta réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú; na cóid le haghaidh na gné críocheáil in Iarscríbhinn II a leasú; na spriocanna sonracha maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil in Iarscríbhinn III a leasú; an liosta clár ábhartha don chomhionannas inscne in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú; Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht a leasú; agus an fhoráil maidir leis an Tairseach Aonair a leasú de réir mar is gá. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016¹⁸. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (27) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó thús chur i bhfeidhm CAI 2028-2034 an [1 Eanáir 2028].

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 1 *Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta don bhuiséad, lena n-áirítear rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar an gcaiteachas buiséid uile, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, agus rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí.
2. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus prionsabal an chomhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, i gcomhréir le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta

¹⁸ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

agus na héifeachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 33(1) den Rialachán sin, chomh maith le prionsabail chothrománacha eile maidir le dálaí oibre agus fostaíochta agus an aeráid agus an bhithéagsúlacht. Bunaítear leis freisin forálacha cothrománacha is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí uile an Aontais, amhail rialacha maidir le Tairseach Aonair a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán seo, agus rialacha maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

Airteagal 2 **Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘oibríocht’ aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (a) tionscadal, gníomhaíocht nó grúpa tionscadal nó gníomhaíochtaí lena gcuirtear gníomhaíocht amháin nó níos mó chun feidhme;
 - (b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha, méid an mhaoinithe inaisíoctha a chuirtear ar fáil d’fhaighteoirí deiridh agus a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais;
 - (c) i gcomhthéacs an chomhbheartais talmhaíochta, íocaíocht a dheonaítear d’fheirmeoirí faoi idirghabhálacha tacaíochta ioncaim limistéarbhunaithe agus ainmhí-bhunaithe;
- (2) ciallaíonn ‘gníomhaíocht’ an tionscnamh sonrath a dhéantar chun rannchuidiú le baint amach cuspóra a leagadh síos, ar gníomhaíocht í a d’fhéadfadh freagairt do bheart i bpleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit nó ag tríú tíortha;
- (3) ciallaíonn ‘beart’ athchóiriú, infheistíocht nó aon idirghabháil eile a chuimsítear i bpleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit nó ag tríú tíortha, a bhféadfadh gníomhaíocht amháin nó níos mó a bheith i gceist leo;
- (4) ciallaíonn ‘plean’ an doiciméad lena leagtar síos bearta, arna tharraingt suas ag na Ballstáit (‘pleananna ó na Ballstáit’) nó arna tharraingt suas ag tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, ag tíortha is iarrthóirí ionchasacha agus ag tíortha Chomharsanacht an Oirthir (‘pleananna ó thríú tíortha’);
- (5) ciallaíonn ‘réimse idirghabhála’ catagóir chaighdeánaithe réamhshainithe a úsáidtear chun gníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht a aicmiú;
- (6) tá le ‘garspríoc’ an bhrí a thugtar i Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí];
- (7) tá le ‘spríoc’ an bhrí a thugtar i Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí];
- (8) ciallaíonn ‘táscaire aschuir’ táscaire feidhmíochta cainníochtúil lena ndéantar faireachán ar an méid a tháirgtear go díreach nó a dtacaíonn cur chun feidhme gníomhaíochta leis;
- (9) ciallaíonn ‘táscaire toraidh’ táscaire feidhmíochta cainníochtúil lena ndéantar faireachán ar éifeachtaí díreacha na ngníomhaíochtaí dá dtugtar tacaíocht;
- (10) ciallaíonn ‘comhéifeachtaí de chuid an Aontais’ córas trí chiseal na gcomhéifeachtaí (0 %, 40 %, 100 %) a chuirtear i bhfeidhm chun ranníocaíocht gach idirghabhála buiséid i dtreo beartas a thomhas;

- (11) ciallaíonn ‘tionscnóir’ eintiteas dlítheanach (cuideachta, eagraíocht, comhlacht poiblí) a dhéanann oibríochtaí a bhféadfadh a bheith ina ndíol spéise d’infheisteoirí, nó a bhfuil sé beartaithe aige na hoibríochtaí sin a dhéanamh;
- (12) ciallaíonn ‘comhpháirtí comhairleach’ contrapháirtí incháilithe amhail institiúid airgeadais nó eintiteas eile a bhfuil comhaontú comhairleach tugtha i gcrích ag an gCoimisiún leis chun tionscnamh comhairleach amháin nó níos mó a chur chun feidhme, cé is moite de thionscnaimh chomhairleacha arna gcur chun feidhme trí sholáthraithe seirbhíse seachtracha atá ar conradh leis an gCoimisiún nó trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

Airteagal 3 **Cuspóirí**

Tá sé d’aidhm ag an Rialachán seo dearadh, faireachán agus cur chun feidhme thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a neartú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus trédhearcacht a mhéadú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) córas aonfhoirmeach a bhunú chun caiteachas buiséid a rianú;
- (b) córas aonfhoirmeach a bhunú ar fud an bhuiséid chun faireachán, tuairisciú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an bhuiséid trí bhíthin clár agus gníomhaíochtaí, agus rannchuidiú le feidhmíocht fhoriomlán an bhuiséid a thomhas;
- (c) tuairisciú faisnéise feidhmíochta a chomhchuibhiú agus a chuíchóiriú;
- (d) cur i bhfeidhm prionsabal cothrománach a chomhchuibhiú ar fud na gclár agus na ngníomhaíochtaí uile, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí;
- (e) na socrúithe a bhunú chun faisnéis a chur ar fáil faoi fheidhmíocht bhuiséadach, faoi dheiseanna cistiúcháin atá ar fáil faoin mbuiséad agus faoi fhaisnéis eile ar díol spéise don phobal í a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid.

Caibidil 2 **Prionsabail chothrománacha**

Airteagal 4 **An aeráid agus an bhithéagsúlacht**

1. Déanfar faireachán ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht trí bhíthin an chreata rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid a leagtar síos in Airteagal 8, lena n-áirítear trí bhíthin comhéifeachtaí de chuid an Aontais.
2. Cuirfear cláir agus gníomhaíochtaí chun feidhme d’fhonn sprioc chaiteachais fhoriomlán 35 % ar a laghad de mhéid iomlán an bhuiséid ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar chuspóirí comhshaoil (‘sprioc maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil’) a bhaint amach i gcaitheamh chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 ina iomláine, ar sprioc í a ríomhtar tríd an gcomhéifeacht is airde i measc maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht, agus an chomhshaoil sa chreat dá dtagraítear i mír 1 a úsáid. Déanfar caiteachas cosanta agus slándála a eisiamh ón mbonn chun an sprioc maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil a ríomh.

3. Beidh cláir agus ionstraimí an Aontais ina rannchuidiú leis an sprioc maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil a shainítear i mír 2 a bhaint amach. Leagtar amach rannchuidiú sonrathach roinnt clár agus ionstraimí de chuid an Aontais in Iarscríbhinn III.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun leibhéil na spriocanna maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil a shainítear in Iarscríbhinn III a choigeartú chun forbairtí a chur san áireamh le linn chur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear tearcghnóthachtáil nó róghnóthachtáil na spriocanna, nó chun tosaíochtaí nua laistigh de chur chun feidhme na gclár a léiriú.
5. I gcás nach leor an dul chun cinn i dtreo na sprice maidir le caiteachas aeráide agus comhshaoil i gceann amháin nó níos mó de na cláir ábhartha, rachaidh na hInstitiúidí, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí agus leis an reachtaíocht ábhartha, i gcomhairle lena chéile maidir le bearta iomchuí a bheidh le déanamh chun a áirithiú go mbeidh caiteachas an Aontais ar chuspóirí aeráide agus comhshaoil i gcaitheamh chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034 cothrom le 35 % ar a laghad de mhéid iomlán bhuiséad an Aontais.

Airteagal 5

‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ do chuspóirí comhshaoil

1. Cur i bhfeidhm cuíchóirithe an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (d) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, déanfar é trí bhithin treoraíocht shimplí aonair (an treoraíocht ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).
2. Leagfar amach sa treoraíocht dá dtagraítear i mír 1 prionsabail agus critéir ghinearálta agus, i gcás inar gá, critéir shonracha ar leibhéal na réimsí beartais ábhartha.

Déanfar idirdhealú sa treoraíocht, go háirithe, idir réimsí beartais nó gníomhaíochtaí a mheastar i gcónaí a bheith i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, agus réimsí beartais nó gníomhaíochtaí a mheastar go ndéantar dochar suntasach leo do chuspóir comhshaoil amháin nó do roinnt cuspóirí comhshaoil agus nach féidir, dá bhrí sin, a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais.

Cuirfear san áireamh sa treoraíocht ón gCoimisiún an gá leis na cuspóirí a leagadh síos do na chlár nó do na hionstraimí ábhartha a bhaint amach i gcomhréir le tosaíochtaí beartais an Aontais, an gá le dúbailt a sheachaint le ceanglais faoi reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, na hardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaoil dá bhforáiltear le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe ar údarais agus ar thairbhíthe, agus prionsabal na comhréireachta.

Áiritheofar comhréireacht go háirithe trí mhéid na gníomhaíochta, na tionchair aeráide agus chomhshaoil atá aici, agus saintréithe críochacha na réigiún ina ndéantar na gníomhaíochtaí nó go bhféadfadh sé go ndéantar an gníomhaíocht i dtríú tíortha a chur san áireamh.

3. Sainithneofar freisin sa treoraíocht dá dtagraítear i mír 1 cásanna ina bhféadfadh sé nach mbeadh cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ indéanta nó iomchuí, amhail géarchéimeanna, lena n-áirítear éigeandálaí a eascraíonn as tubaistí nádúrtha, nó cúiseanna eile a bhaineann le leas poiblí sáraitheach.

I ndáil leis sin, measfar go háirithe nach bhfuil sé indéanta ná iomchuí an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chur i bhfeidhm i ndáil le gníomhaíochtaí cosanta agus slándála.

Airteagal 6 **Beartais shóisialta**

1. Déanfar faireachán ar an ranníocaíocht ón mbuiséad le beartais shóisialta laistigh den Aontas trí bhíthin an chreata rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid a leagtar síos in Airteagal 8, lena n-áirítear trí bhíthin comhéifeachtaí de chuid an Aontais.
2. Déanfar cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha, chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach agus urraim á tabhairt do dhálaí oibre agus fostaíochta faoin dlí náisiúnta is infheidhme, faoi dhlí an Aontais is infheidhme, faoi choinbhinsiúin EIS is infheidhme agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (e) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 7 **Comhionannas inscne**

1. Sonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo na cláir agus na gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh tacú leis an gcomhionannas inscne i gcomhréir le hAirteagal 33(2), pointe (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
Tabharfar aird ar leith sna cláir agus sna gníomhaíochtaí uile ar chothromaíocht inscne a áirithiú, a mhéid is féidir, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird, grúpaí saineolaithe agus coistí faireacháin.
2. Chun críoch na modheolaíochta maidir le príomhshruthú comhionannais inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (f), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, tiocfaidh gníomhaíochtaí an bhuiséid faoi cheann amháin de na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne seo a leanas:
 - (a) gníomhaíochtaí a bhfuil an comhionannas inscne ina phríomhchuspóir acu (‘scór comhionannais inscne 2’);
 - (b) gníomhaíochtaí a bhfuil an comhionannas inscne ina chuspóir tábhachtach d’aon ghnó acu ach nach bhfuil sé ina phríomhchuspóir acu (‘scór comhionannais inscne 1’);
 - (c) gníomhaíochtaí a meastar nach rannchuidiú substaintiúil iad leis an gcomhionannas inscne (‘scór comhionannais inscne 0’).Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa dara fómhír a shainiú trí thagairt a dhéanamh don liosta réimsí idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
3. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht theicniúil ar fáil maidir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 chun na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha comhionannais inscne a chinneadh, arb é is aidhm di comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn IV a leasú.

Caibidil 3

Creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid, faireachán agus tuairisciú, meastóireacht agus trédhearcacht

Airteagal 8

Creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid

1. Beidh an creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:
 - (a) liosta aonair réimsí idirghabhála;
 - (b) comhéifeachtaí de chuid an Aontais, a shannfar do na réimsí idirghabhála chun a rannchuidiú le beartais a chinneadh;
 - (c) i gcás gach réimse idirghabhála, táscairí feidhmíochta ina bhfuil táscairí aschuir agus táscairí toraidh araon, de bhun Airteagal 33(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Leagtar amach na heilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír in Iarscríbhinn I.

Maidir le gníomhaíochtaí san Aontas, beidh na cóid le haghaidh na gné críochoaí a leagtar síos in Iarscríbhinn II san áireamh freisin sa chreat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid.

2. Sannfar do na gníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad an réimse idirghabhála is mó a léiríonn bunábhar na gníomhaíochta arna maoiniú. Beidh incháilitheacht gníomhaíochta faoin mbuiséad bunaithe ar na rialacha earnáilsonracha amháin agus ní chuirfear srian léi leis an sainmhíniú ar réimsí idirghabhála, ar réimsí iad nach mbunaítear ach amháin chun caiteachas a rianú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid.
3. Féadfaidh an Coimisiún sainmhíniú na dtáscairí feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), a mhionsonrú a thuilleadh.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinní I agus II a leasú.

Airteagal 9

Faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht an bhuiséid

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad, ar fud mhodhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena gcuspóirí a bhaint amach i gcomhréir leis na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c). Baileofar na sonraí ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistiúcháin ón Aontas. Déanfar na sonraí a bhailiú go tráthrialta agus a stóráil go leictreonach.
2. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go bliantúil faoi leibhéal chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo bhaint amach chuspóirí an chláir, i gcomhréir le hAirteagal 41(3), an chéad fhomhír, pointe (h) agus Airteagal 253(1), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

Airteagal 10

Meastóireachtaí a dhéanann an Coimisiún

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2059 chun scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE maidir le gach clár nó gníomhaíocht. I ndáil leis an gcomhbheartas talmhaíochta, cumhdófar freisin sna meastóireachtaí sin bearta arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013¹⁹.
2. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme le haghaidh gach clár nó gníomhaíochta tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis tús a chur le cur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta sin.
3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireachtaí siarghabhálacha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir nó na gníomhaíochta 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh chlárthréimhse gach clár nó gníomhaíochta.

Airteagal 11

Meastóireachtaí a dhéanann na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte

1. Le haghaidh bhuiséad an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí a bhaineann le critéir amhail éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht agus comhleanúnachas, agus é mar aidhm feabhas a chur ar cháilíocht dhearadh agus chur chun feidhme na mbeart mar aon le scrogaill agus bealaí chun dlús a chur lena gcur chun feidhme a shainaitint. Leis na meastóireachtaí féadfar critéir ábhartha eile a chumhdach freisin, amhail cuimsitheacht, infheictheacht agus breisluach Eorpach.
2. Déanfaidh na Ballstáit meastóireachtaí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na mbeart a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte trí bhíthin teicnící cainníochtúla, lena n-áirítear cuir chuige fhrithfhíorasacha agus torthaí ón dearadh turgnamhach, i gcás inarb iomchuí, 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis dheireadh na clárthréimhse.
3. Déanfaidh na Ballstáit aon mheastóireacht eatramhach amháin ar a laghad lena gcumhdófar iomlán a bpleananna tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis thús chur chun feidhme na bpleananna sin.
4. Déanfaidh na Ballstáit treochlár meastóireachta a tharraingt suas agus cuirfidh siad faoi bhráid an choiste faireacháin ábhartha agus an Choimisiúin é tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis fhormheas a bpleananna.
5. Cuirfidh na Ballstáit cúram na meastóireachtaí ar shaineolaithe atá neamhspleách ó thaobh feidhme de.
6. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta is gá ar bun chun na sonraí is gá le haghaidh meastóireachtaí a tháirgeadh agus a bhailiú.
7. Foilseofar na meastóireachtaí uile ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 12(1).

¹⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

Airteagal 12
Trédhearcacht — Tairseach Aonair

1. Faoin [dáta], bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe (an ‘Tairseach Aonair’) a bheidh ar fáil go poiblí, ar a mbeidh roinnt ranna inneachair, agus a mbeidh na feidhmeanna seo a leanas aige:
 - (a) an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme airgeadais agus feidhmíocht an bhuiséid a thaispeáint;
 - (b) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 38 agus Airteagal 142(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a sholáthar;
 - (c) faisnéis a sholáthar faoi oibríochtaí a mhaoinítear leis an mbuiséad, agus aird chuí á tabhairt ar chúrsaí rúndachta agus slándála, agus cé is moite de thacaíocht a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha ar mhéid níos lú ná EUR 500 000;
 - (d) faisnéis a sholáthar faoi oibríochtaí a bhfuil gradaim speisialta nó suaitheantas barr feabhais faighte acu, agus a bhfuil cistiú malartach nó breise, maoiniú nó infheisteoirí á lorg acu;
 - (e) faisnéis a sholáthar faoi ghlaonna ar léiriú spéise atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin, faoi ghlaonna ar thograí agus faoi ghlaonna ar thairiscintí arna maoiniú ag an mbuiséad;
 - (f) cainéal a chur ar fáil do thionscnóirí chun oibríochtaí a chur i láthair infheisteoirí ionchasacha;
 - (g) rochtain láraithe a sholáthar ar sheirbhísí comhairleacha agus seirbhísí tacaíochta gnó arna gcistiú ag an mbuiséad.
2. Maidir leis an bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, beidh sa Tairseach Aonair, de réir mar is iomchuí, faisnéis maidir leis na heilimintí seo a leanas:
 - (a) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an mbuiséad, lena n-áirítear faisnéis faoi dhul chun cinn an chur chun feidhme airgeadais agus faoi fheidhmíocht an bhuiséid, arna miondealú de réir cláir agus de réir caibidil plean ó Bhallstát i gcás inarb ábhartha;
 - (b) faisnéis maidir le feidhmíocht chomhiomlánaithe arna miondealú de réir cláir agus réimse idirghabhála, agus úsáid á baint as na táscairí feidhmíochta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c), den Rialachán seo;
 - (c) faisnéis faoi rannchuidiú le beartais dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (b), den Rialachán seo arna miondealú de réir cláir;
 - (d) oibríochtaí arna maoiniú ag an mbuiséad;
 - (e) i gcás gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún, an leibhéal síntiúis, go háirithe, le haghaidh gach glao ar thograí, líon na dtograí, a meánscór agus sciar na dtograí os cionn na dtairseach cáilíochta agus faoina mbun;
 - (f) faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 41(3), an chéad fhomhír, pointe (h) agus Airteagal 253(1), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

3. Maidir leis an bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), den Airteagal seo, beidh sa Tairseach Aonair, maidir leis na hoibríochtaí arna maoiniú trí phleananna ó na Ballstáit, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 63, mír 1, pointe (e) de Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].
4. Maidir leis an bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), den Airteagal seo, beidh sa Tairseach Aonair, de réir mar is iomchuí, faisnéis maidir leis na heilimintí seo a leanas:
 - (a) ábhar an ghlaio, lena n-áirítear tuairisc ghairid;
 - (b) an limistéar geografach a chumhdaítear faoin nglao;
 - (c) an cineál rannpháirtithe incháilithe;
 - (d) méid iomlán na tacaíochta don ghlaio agus an t-airgeadra;
 - (e) dáta tosaigh agus dáta deiridh an ghlaio;
 - (f) nasc chuig an ardán ar líne ar ar foilsíodh nó ar a bhfoilseofar an glao.
5. Tabharfar an Tairseach Aonair cothrom le dáta go tráthrialta.
6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun an tAirteagal seo a leasú.

Caibidil 4

Cur chun feidhme

Airteagal 13

Cur chun feidhme trí phleananna ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha — ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus comhionannas inscne

1. Soláthróidh gach Ballstát nó tríú tír measúnú ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ le haghaidh gach gníomhaíochta ina bpleananna i gcomhréir leis an treoraíocht dá dtagraítear in Airteagal 5, ach amháin i gcás ina bhfuil díolúine i gceist de réir na treoraíochta céanna.
2. De mhaolú ar an gcéad mhír, i gcás gníomhaíochta ina bhféadfadh sé nach mbeadh cur i bhfeidhm an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ indéanta nó iomchuí, soláthróidh gach Ballstát nó tríú tír an réasúnú i ndáil leis an méid sin i gcomhréir leis an treoraíocht dá dtagraítear in Airteagal 5.
3. Soláthróidh gach Ballstát nó tríú tír measúnú comhionannais inscne do gach gníomhaíocht ina bpleananna mar a leanas:
 - (a) míniú a thabhairt ar an gcaoi a meastar go rannchuideoidh na gníomhaíochtaí sna pleananna leis an gcomhionannas inscne;
 - (b) an scór inscne iomchuí a shannadh do gach gníomhaíocht ó na scóir a leagtar amach in Airteagal 7(2) agus réasúnú leormhaith a sholáthar.

Thairis sin, cuirfear an comhionannas inscne san áireamh i measc na gcritéar a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí.
4. Soláthrófar an measúnú dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 tráth a chuirfear na pleananna isteach. Mura féidir measúnú comhionannais inscne a sholáthar an tráth sin, measfar nach rannchuidiú substaintiúil í an ghníomhaíocht leis an

gcomhionannas inscne agus dá bhrí sin sannfar scór 0 di. Féadfaidh an Ballstát nó an tríú tír lena mbaineann an scór sin a athscrúdú nuair a chuirfidh siad leasú ar a bpleananna isteach.

5. Maidir le gach plean nó leasú arna thíolacadh ag Ballstát nó ag tríú tír, beidh a chomhlíontacht leis na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 den Airteagal seo faoi réir measúnú i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha.

Airteagal 14

Cur chun feidhme trí phleananna ó na Ballstáit — faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht

1. Beidh córas faireacháin agus tuairiscithe i bhfeidhm ag gach Ballstát lena gcumasófar faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus tarchur uathoibríthe faisnéise bunaithe ar na heilimintí ábhartha den chreat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1). Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún ar bhealach idir-inoibrítheach tríd an gcóras um malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí — SFC 2028].
2. I ngach plean a thíolacfaidh Ballstát, agus in aon leasú air, cuimseofar, i gcás gach birt, sannadh beartaithe aon réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó Iarscríbhinn I agus, i gcás gach réimse idirghabhála a shanntar don bheart sin, na táscairí feidhmíochta seo a leanas de réir mar is iomchuí, rud a bheidh faoi réir chomhaontú an Choimisiúin:
 - (a) aon táscaire aschuir amháin lena sainítear garsprioc nó sprioc dheiridh an bhirt sin agus a roghnaítear ó Iarscríbhinn I agus a chomhfhreagraíonn don réimse idirghabhála a sannadh nó, i gcás inarb iomchuí, do réimse idirghabhála eile, nó i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus le comhaontú ón gCoimisiún, táscaire aschuir nach n-áirítear in Iarscríbhinn I;
 - (b) aon táscaire toraidh amháin nó níos mó a chomhfhreagraíonn do réimse idirghabhála an bhirt dá bhforáiltear faoi Iarscríbhinn I, má tá siad ar fáil.Ní shaineofar aon táscaire aschuir breise seachas an táscaire aschuir dá dtagraítear i bpointe (a).

I gcás ina sanntar ‘astaíochtaí gás ceaptha teasa arna seachaint’ mar tháscaire toraidh, sannfaidh an Ballstát an dara táscaire toraidh freisin, má tá sé ar fáil faoin réimse idirghabhála céanna.

I gcás ina bhfuil táscaire aschuir nach n-áirítear in Iarscríbhinn I molta ag an mBallstát chun garsprioc nó sprioc dheiridh a shainiú don bheart sin, agus i gcás nach soláthraítear le hIarscríbhinn I aon táscaire toraidh a chomhfhreagraíonn do réimse idirghabhála an bhirt, sannfaidh an Ballstát aon táscaire toraidh amháin ó na táscairí toraidh a chomhfhreagraíonn do réimsí idirghabhála eile a leagtar amach in Iarscríbhinn I, nó ar bhonn eisceachtúil sannfaidh sé táscaire toraidh nach n-áirítear in Iarscríbhinn I le comhaontú ón gCoimisiún.
3. Soláthrófar i ngach plean bonnlíne agus luach measta an táscaire toraidh arna shannadh do gach beart i gcomhréir le mír 2, lena n-áirítear an bhliain a mheastar a bhainfear an luach sin amach. Maidir le tacaíocht ioncaim limistéarbhunaithe agus

ainmhí-bhunaithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta, ní bheidh an luach measta sin carnach agus comhfhreagróidh sé don uasluch a sroicheadh le linn na clárthréimhse.

Féadfaidh an Ballstát an luach measta sin a thabhairt cothrom le dáta le linn an athbhreithnithe meántearma nó le linn aon leasú a dhéanfar ar an bplean.

4. Cuimseofar freisin i ngach plean a thíolacfaidh Ballstát, agus in aon leasú air, sannadh beartaithe aon chóid amháin le haghaidh na gné críochaí ar a laghad a leagtar síos i gcuid 1 d'Iarscríbhinn II agus suíomh NUTS2 de bhun chuid 4 d'Iarscríbhinn II. I gcás inarb ábhartha agus ina mbeidh siad ar fáil, molfaidh na Ballstáit cóid le haghaidh na gné críochaí faoi chuid 2 agus/nó faoi chuid 3 d'Iarscríbhinn II.
5. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis faoin dul chun cinn sa táscaire aschuir roghnaithe i gcomhréir le hAirteagal 59, mír 1, pointe (a) de Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] agus torthaí iarbhrí an bhirt in aghaidh luach measta an táscaire toraidh a sannadh don bheart sin. Déanfar an fhaisnéis faoin táscaire toraidh a thabhairt cothrom le dáta faoin 15 Feabhra gach bliain, go dtí 2037.

Airteagal 15

Cur chun feidhme trí phleananna ó thríú tíortha — faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht

1. I gcás gach birt i bplean ó thríú tíortha, sannfaidh an Coimisiún aon réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó Iarscríbhinn I agus, a mhéid is féidir, áiritheoidh sé go n-úsáidfidh tríú tíortha, ina bpleananna, na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c). Tabharfaidh an Coimisiún barúlacha nó lorgóidh sé faisnéis bhreise más gá. Cuimseofar sna comhaontuithe a thabharfar i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann oibleagáid ar an tríú tír an fhaisnéis bhreise a iarrtar a sholáthar agus na táscairí feidhmíochta atá beartaithe a athscrúdú más gá.
2. Beidh forálacha sna pleananna maidir le sonraí feidhmíochta a thuairisciú agus maidir leis na sonraí faireacháin foluiteacha a tharchur go leictreonach chuig an gCoimisiún.

Airteagal 16

Cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach

1. Agus an buiséad á chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33(2), pointí (d), (e) agus (f), den Rialachán sin. Go sonrath, cuirfear an comhionannas inscne san áireamh i measc na gcrítear a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí.
2. Agus an clár oibre á ullmhú de réir bhrí Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, saineoidh an Coimisiún na réimsí gníomhaíochtaí incháilithe ar bhealach lena bhféadfar aon réimse idirghabhála amháin ar a laghad a shannadh do gach réimse.
3. Na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoírí cistí ón Aontas, beidh siad comhréireach agus beidh sé d'aidhm acu a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun

faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Airteagal 17

Cur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach

1. Agus measúnú agus comhaontú á ndéanamh ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí atá le maoiniú faoi bhainistíocht indíreach, ar ghníomhaíochtaí iad a dhéanfaidh daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, áiritheoidh sé go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 33(2), pointí (d), (e) agus (f) den Rialachán sin.
2. I gcomhaontuithe arna síniú idir an Coimisiún agus daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh forálacha iomchuí maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) sonraí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 158(7) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a thuairisciú mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 158(1), an chéad fhomhír, pointe (a), den Rialachán sin;
 - (b) faisnéis, ina bhfuil eilimintí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 12(4) den Rialachán seo i ndáil le glaonna ar léiriú spéise, glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí, a tharchur go leictreonach chuig an gCoimisiún faoin lá a fhoilseofar na glaonna sin;
 - (c) aon fhaisnéis eile a mheasann an Coimisiún a bheith tábhachtach chun an clár a chur chun feidhme.
3. Na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoirí cistí ón Aontas lena n-áirítear daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh siad comhréireach agus beidh sé d'aidhm acu a áirithiú go mbaileofar sonraí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí ar bhealach atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.

Caibidil 5

Cumarsáid, cosaint sonraí pearsanta agus forálacha críochnaitheacha

Airteagal 18

Faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht

1. Tairbhíthe, daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme faoi na pleananna, agus comhpháirtithe comhairleacha, tabharfaidh siad aitheantas d'fhoinsé na gcistí sin ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht na tacaíochta ón Aontas de réir mar is iomchuí, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleánúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do phobail éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal, agus tríd an bhfaisnéis sin a sholáthar trí ábhar

preasa nó cumarsáide, trí shuíomhanna gréasáin agus trí chainéil dhigiteacha eile, imeachtaí agus gníomhaíochtaí for-rochtana, agus trí ghníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta eile.

Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le tairbhíthe idirghabhálacha limistéarbhunaithe agus ainmí-bhunaithe faoin gcomhbheartas talmhaíochta.

2. Daoine nó eintitis a chuireann ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme faoi na Pleananna, ceanglóidh siad ar a n-idirghabhálaithe airgeadais aitheantas a thabhairt d'fhoinsé na gcistí sin agus faighteoírí deiridh a chur ar an eolas faoi sin, agus áiritheoidh siad infheictheacht na tacaíochta ón Aontas tríd an bhfaisnéis sin a dhéanamh infheicthe go soiléir sna comhaontuithe a shíníonn siad. Nuair a roghnaíonn comhpháirtithe comhairleacha eintitis chun seirbhísí comhairleacha agus seirbhísí tacaíochta gnó a sholáthar, áiritheoidh siad go gcuirfidh na heintitis sin na daoine a thairbhíonn de na seirbhísí comhairleacha agus na seirbhísí tacaíochta gnó ar an eolas go bhfaigheann na seirbhísí sin cistiú ón Aontas agus go mbeidh an fhaisnéis sin le feiceáil go soiléir sna comhaontuithe a síníonn siad.
3. Agus gníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus infheictheachta á ndéanamh, i gcomhréir le hIarscríbhinn V, úsáidfear suaitheantas an Aontais agus soláthrófar ráiteas cistiúcháin ar a mbeidh na focail 'Le tacaíocht ón Aontas Eorpach', nó 'I gcomhpháirtíocht leis an Aontas Eorpach' le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha, chun an oibleagáid a leagtar síos i míreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh. Beidh suaitheantas an Aontais agus an ráiteas cistiúcháin, go háirithe, in ábhar preasa nó cumarsáide, ar shuíomhanna gréasáin agus ar mheáin dhigiteacha eile.

I gcás oibríochtaí, cé is moite d'ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha, lena mbaineann infheistíocht i sócmhainní inláimhsithe, ar mó a costas iomlán ná EUR 100 000, taispeánfar plaiceanna marthanacha nó cláir fógraí atá le feiceáil go soiléir ag an bpobal agus ar a léirítear suaitheantas an Aontais agus an ráiteas cistiúcháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a luaithe a thosófar ar chur chun feidhme iarbhír na hoibríochta nó a shuiteálfar trealamh ceannaithe agus fad a bheidh an tsócmhainn inláimhsithe in úsáid.
4. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí agus feachtais faisnéise, infheictheachta agus chumarsáide a bhaineann le beartais, tosaíochtaí, gníomhaíochtaí agus torthaí an Aontais atá dírithe ar phobail éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal i gcoitinne. Beidh na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar na cláir agus ar na gníomhaíochtaí ina rannchuidiú le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin.
5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis agus cumarsáid ar fáil, mar aon le hinfeictheacht thacaíocht chistí an Aontais agus a bhfuil bainte amach leis na cistí sin, agus déanfaidh siad cumarsáid le saoránaigh tríd an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 64(1) de Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí], i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo, ach amháin i gcás ina n-eisiatar foilsiú den sórt sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta ar chúiseanna slándála, oird phoiblí nó imscrúduithe coiriúla.

Beidh foilsiú sonraí pearsanta i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679²⁰.

6. Ceapfaidh na Ballstáit comhordaitheoir cumarsáide a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí foriomlána faisnéise, cumarsáide agus trédhearcachta i ndáil leis an tacaíocht a fhaightear ón mbuiséad arna cur chun feidhme laistigh dá gcríoch, lena n-áiríteofar comhordú leis na húdaráis bhainistíochta ábhartha agus idirchaidreamh leis an gCoimisiún agus lena ionadaíochtaí, le hOifigí Idirchaidrimh Pharlaimint na hEorpa, le Lárionaid Europe Direct agus le líonraí ábhartha eile, mar aon le heagraíochtaí oideachais agus taighde agus comhpháirtithe ábhartha eile. Coinneoidh an Coimisiún an líonra ar bun ina mbeidh comhordaitheoirí cumarsáide agus ionadaithe ón gCoimisiún in ann faisnéis a mhalartú faoi gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta.
7. Tríú tíortha a chuireann gníomhaíochtaí seachtracha arna gcistiú ag an Aontas chun feidhme, áiríteoidh siad infheictheacht na tacaíochta ón Aontas freisin. I gcás cur chun feidhme trí bhíthin pleananna ó thríú tíortha, déanfar plean cumarsáide agus infheictheachta do phobail áitiúla na dtairbhíthe a thíolacadh sna pleananna.
8. I gcás ina bhféadfadh sé gur fearr nó gur gá gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta i dtríú tíortha áirithe nó i gcodanna díobh a theorannú nó a choigeartú de bharr cúinsí slándála, nó de bharr riachtanas práinneach i gcás géarchéime, déanfar an spriocphobal agus na huirlisí, na táirgí agus na cainéil infheictheachta a úsáidfear chun gníomhaíocht ar leith a chur chun cinn a chinneadh ar bhonn cás ar chás, le comhaontú ón gCoimisiún.
9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun Iarscríbhinn V a chur chun feidhme, a leasú nó a fhorlíonadh.

Airteagal 19

Próiseáil sonraí pearsanta

1. Ní cheadófar do na Ballstáit ná don Choimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin nuair is gá sin chun a n-oibleagáidí féin faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán .../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí] a chomhlíonadh, go háirithe maidir le faireachán, tuairisciú, cumarsáid, foilsiú, meastóireacht, bainistíocht airgeadais, fíoruithe agus iniúchtaí agus, i gcás inarb infheidhme, chun incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh.
2. Gan dochar do mhír 1, féadfar na sonraí pearsanta seo a leanas, go háirithe, a phróiseáil:
 - (a) chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, na sonraí is gá chun na daoine lena mbaineann a shainaithint (ainm, sloinne, dáta breithe, uimhir aitheantais náisiúnta, cód slándála sóisialta);
 - (b) chun faireachán a dhéanamh, na sonraí is gá chun na táscairí feidhmíochta a ríomh de réir Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

²⁰ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (c) chun críche meastóireachta, sonraí pearsanta breise maidir le stádas fostaíochta, oideachas, scileanna agus saintréithe sochdhéimeagrafacha daoine nádúrtha a thairbhíonn de chistiú ón Aontas.
3. I gcás meastóireachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus lena mbaineann úsáid grúpa cóimheasa, féadfar na catagóirí céanna sonraí agus a bhaineann le rannpháirtithe a phróiseáil i gcás daoine aonair a bhaineann le grúpa cóimheasa, ar neamh-rannpháirtithe iad a bhfuil saintréithe sochdhéimeagrafacha comhchosúla acu i gcomparáid le rannpháirtithe.
 4. Ní fhéadfar catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 a phróiseáil ach amháin chun incháilitheacht na rannpháirtithe a chinneadh, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí a bhaineann le tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas agus do phobail imeallaithe, lena n-áirítear na Romaigh, agus chun luachanna na dtáscairí feidhmíochta a bhaineann leis na réimsí idirghabhála ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ríomh, mar aon le fíoruithe agus iniúchtaí.
 5. Baileofar sonraí pearsanta go díreach ó na daoine lena mbaineann, nó trí fhaisnéis atá stóráilte i gclár riaracháin nó staidrimh a athúsáid.
 6. Ní stórálfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a léiriú agus, in aon chás, tráth nach faide ná 10 mbliana ó dheireadh na gníomhaíochta. Chun críoch meastóireachta, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchair fhadtéarmacha, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse is faide, ach tréimhse nach faide ná 12 bhliain.
 7. Ní bheidh rochtain ach ag daoine inaitheanta údaraithe ar na sonraí pearsanta. Déanfaidh an t-údarás freagrach an rochtain sin a thairbhíonn. Déanfar athscrúdú ar na logaí gach 6 mhí. Scríosfar na logaí 1 bhliain tar éis a geruthaithe. Ní sholáthrófar sonraí pearsanta do na tríú páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 11(5) ach amháin i bhformáid faoi ainm bréige nó i bhformáid anaithnidithe i gcás nach gá sonraí pearsanta a nochtadh chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.
 8. Nuair a chuirtear acmhainní an Chiste chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, is é an Coimisiún nó an ghníomhaireacht feidhmiúcháin ábhartha a bheidh ina rialaitheoir.
 9. Nuair a chuirtear acmhainní an Chiste chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, is é an t-údarás bainistíochta a bheidh ina rialaitheoir. I gcás ina ndéantar sonraí arna mbailiú ag údaráis na mBallstát agus arna gcur in iúl don Choimisiún a phróiseáil chun críocha chúraimí an Choimisiúin, is é an Coimisiún a bheidh ina rialaitheoir.
 10. Nuair a chuirtear acmhainní an Chiste chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, is é an t-eintiteas atá freagrach as cur chun feidhme na hoibríochta faoi seach a bheidh ina rialaitheoir. I gcás ina ndéantar sonraí arna mbailiú ag an eintiteas sin agus arna gcur in iúl don Choimisiún a phróiseáil chun críocha chúraimí an Choimisiúin, is é an Coimisiún a bheidh ina rialaitheoir.

Airteagal 20
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 4, 7, 8, 12 agus 18 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinnithe ama ón [...].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 4, 7, 8, 12 agus 18 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí ná sin a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, rachaidh sé i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
6. Ní thiofadh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 7, 8, 12 agus 18 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 1 mhíosa tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Cuirfear síneadh aon mhíosa leis an tréimhse sin ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 21
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiofadh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.
Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Feidhmíocht an bhuiséid, lena n-áirítear na réimsí beartais uile a chumhdaítear le cláir de chuid an Aontais

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir ginearálta don tionscnamh seo creat feidhmíochta simplithe, comhleanúnach agus solúbtha a mholadh do CAI tar éis 2027 chun acmhainneacht bhuiséadach an Aontais a uasmhéadú chun prionsabail chothrománacha a bhaint amach agus measúnú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir bhuiséid an Aontais, agus ailíniú le ceanglais an Rialacháin Airgeadais á áirithiú san am céanna.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo na cuspóirí sonracha seo a leanas a bhaint amach:

Acmhainneacht mhéadaithe chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí beartais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

Acmhainneacht fheabhsaithe chun tionchar bhuiséad an Aontais a thomhas, agus bonn eolais a chur faoi bhainistiú beartas agus clár;

Trédhearcacht mhéadaithe agus rochtain mhéadaithe ar fhaisnéis d'údaráis bhuiséadacha na mBallstát agus do thairbhíthe bhuiséad an Aontais;

Laghdú 25 % ar a laghad ar an ualach riaracháin agus ar na costais a dhéanann difear do thairbhíthe bhuiséad an Aontais, do na Ballstáit, do thríú tíortha, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus d'institiúidí an Aontais.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Meastar go mbeidh tionchair ag an tionscnamh ar na Ballstáit, ar thríú tíortha, ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, ar institiúidí agus tairbhíthe an Aontais, lena n-áirítear trí chur ar a gcumas dóibh prionsabail chothrománacha an Aontais amhail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne a bhaint amach go héifeachtach, trí fhaireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais a uasghrádú, agus trí fheabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin.

Meastar go mbainfear amach leis an tionscnamh breis agus EUR 600 milliún de choigilteas ar chostais riaracháin le haghaidh riarachán na mBallstát i gcomparáid le tréimhse 2021-2027. Tá coinne leis freisin go mbainfear amach laghduithe móra ar chostais riaracháin do thairbhíthe, amhail gnólachtaí, rud a thacóidh le hiomaíochas na n-earnálacha a thairbhíonn de chistí an Aontais.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

Úsáidfeair na táscairí aschuir agus toraidh atá i gceangal leis an Rialachán atá beartaithe chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn chláir an Aontais agus ar a bhfuil bainte amach ag na cláir sin.

1.4. **Baineann an togra/tionscnamh le:**

- beart nua
- beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart²¹
- síneadh ar bheart atá ann cheana
- beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. **Foras an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh bainistiú chláir an Aontais a chumhdaítear le bunghníomhartha dlíthiúla eile i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, lena leagtar síos ceanglais chothrománacha a bhfuil feidhm acu maidir le gach clár de chuid an Aontais.

Beidh feidhm ag an Rialachán ó 2028 ar aghaidh ar feadh fhad iomlán an chreata airgeadais ilbhliantúil.

D'fhéadfadh athrú teacht ar chur chun feidhme forálacha áirithe le himeacht ama, amhail forbairt agus cuir in úsáid na tairsí aonair.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante): Tá sé rithábhachtach creat feidhmíochta láidir agus éifeachtach a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh tionchar níos mó ag buiséad an Aontais i réimsí tosaíochta agus go mbeidh a éifeachtaí intomhaiste, trédhearcach agus in ann feabhas leanúnach a spreagadh trí ghrinnscrúdú agus foghlaim. Ceanglaítear le hAirteagal 322(1) CFAE rialacháin a ghlacadh lena leagtar síos na rialacha airgeadais lena gcinntear an nós imeachta atá le glacadh chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun na cuntais a thíolacadh agus iniúchadh a dhéanamh orthu. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Rialachán Airgeadais go gcuirfeair an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus prionsabal an chomhionannais inscne san áireamh sa chéad ghlúin eile de chláir in CAI tar éis 2027, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha ábhartha. Foráiltear in Airteagal 38 den Rialachán Airgeadais freisin do cheanglais nua maidir le faisnéis a fhoilsiú faoi fhaighteoirí agus oibríochtaí bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin láraithe. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 33 den Rialachán Airgeadais go

²¹ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

n-úsáidfeadh leithreasuithe i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais agus, ar an gcaoi sin, go n-urramófar prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta, na héifeachtachta agus go ndíreofar ar fheidhmíocht. Ceanglaítear leis freisin go mbeidh na táscairí feidhmíochta in-chomhiomlánaithe agus go gcomhlíonfaidh siad caighdeán RACER agus, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfar iad a mhiondealú de réir inscne.

Breislúach AE a mheastar a ghinfeadh (ex post): Chun creat feidhmíochta éifeachtúil a dhearadh, is gá cur chuige cothrománach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun feidhmíocht na n-infheistíochtaí a rannchuidíonn le tosaíochtaí an Aontais a uasmhéadú. Tá breislúach ag baint le húsáid a bhaint as buiséad an Aontais i bhfabhar bearta amháin an aeráid, an bhithéagsúlacht agus comhionannas inscne, go háirithe i gcás bearta nach féidir a mhaoiniú go leordhóthanach ó bhuiséid náisiúnta ná ón earnáil phríobháideach, mar gheall ar chineál trasteorann agus scála na ndúshlán, comhtháthú críochach, riachtanais aistrithe chóir nó leibhéil mhíchothroma gníomhaíochta aeráide agus comhshaoil ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha, agus acmhainn bhuiséadach.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Cuireann an Rialachán seo leis an taithí a fuarthas i gcur chun feidhme na bhforálacha feidhmíochta a chuimsítear i rialacháin na gclár le haghaidh thréimhse CAI 2021-2027. Cé go dtairbhíonn CAI 2021-2027 de chreat feidhmíochta níos nuaimseartha, d'fhéadfaí feabhas a chur air go fóill féin, go háirithe maidir le simpliú, comhsheasmhacht agus tuiscint níos fearr ar thorthaí bhuiséad an Aontais. Le CAI tar éis 2027, cuirtear príomhdheis ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin agus chun tionchar bhuiséad an Aontais a uasmhéadú, trí thógáil ar thorthaí na meastóireachtaí meántearma ar chlár atá á gcur chun feidhme ó bhí 2027 ann. Ní mór CAI tar éis 2027 a ailíniú freisin leis na forbairtí dlíthiúla a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear an t-athmhúnlú ar Rialachán Airgeadais 2024.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfaidh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Leis an Rialachán, bainfeadh amach sineirgí suntasacha le clár an Aontais toisc go soláthrófar leis an creat feidhmíochta is infheidhme maidir le clár uile an Aontais tar éis 2027, rud a dhéanfaidh an chuid is mó de na forálacha maidir le clársceidealú, faireachán agus tuairisciú a lárú i ngníomh dlí cothrománach. Cuirfeadh san áireamh sa rialachán forálacha ábhartha maidir le tacú le comhionannas inscne ar fud na gclár agus na modhanna bainistíochta, chomh maith le faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht trí bhithin tuarascáil aonair (Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht) agus an tairseach aonair maidir le faisnéis feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin. Cuimseofar sa rialachán an liosta aonair réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta gaolmhara.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

ní bhaineann le hábhar

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhíseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Beidh feidhm ag an Rialachán maidir le cláir uile an Aontais gan beann ar a modhanna bainistíochta. Leagtar síos sa Rialachán forálacha a bhaineann go sonrach le gach modh bainistíochta.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Leis an gcreat feidhmíochta a leagtar síos leis an Rialachán, cuirfear córas aonair ar fáil chun faireachán, meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gclár buiséid. Beidh sé bunaithe ar chóras chun caiteachas a rianú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid, ina mbeidh liosta aonfhoirmeach de réimsí idirghabhála (i.e. cineálacha gníomhaíochtaí) lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí uile a dtacaíonn an buiséad leo, maille le táscairí aschuir agus táscairí toraidh.

Ina theannta sin leagtar síos sa Rialachán forálacha maidir le meastóireachtaí ar chláir. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis thús chur chun feidhme an chláir, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena chuspóirí a bhaint amach. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht shiarghabhálach 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh chlárthréimhse an chláir d'fhonn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE an chláir.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar leordhóthanacht an liosta réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta - atá le glacadh mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán - chun measúnú a dhéanamh ar aon bhearna nó easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa Rialachán tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmlichte a ghlacadh lena gcuirfear ar a chumas dó athscrúdú a dhéanamh ar an liosta, de réir mar is ábhartha, le linn chéim cur chun feidhme an bhuiséid.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear an creat feidhmíochta chun feidhme i gcomhréir leis an modh bainistíochta is infheidhme maidir le gach clár buiséid. Ní bheidh sé ann féin faoi réir módúlachtaí íocaíochta ná straitéisí rialaithe toisc nach bhfuil feidhm ag an tionscnamh maidir le clár ar leith ach go gcomhfhreagraíonn sé do chreat a chuirtear i bhfeidhm go cothrománach maidir le gach clár buiséid.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ní bheidh an creat feidhmíochta ann féin faoi réir córas sonracha rialaithe inmheánaigh toisc go gcomhfhreagraíonn an tionscnamh do chreat a chuirtear i bhfeidhm go cothrománach maidir le gach clár buiséid. Mar sin féin, cuirtear ar fáil leis an Rialachán creat struchtúrtha a bhfuil sé d'aidhm aige feabhas a chur ar cháilíocht agus iontaofacht na faisnéise feidhmíochta freisin, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le laghdú foriomlán ar na rioscaí a bhaineann leis na gnéithe sin.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

ní bhaineann le hábhar

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Ní bheidh an creat feidhmíochta ann féin faoi réir aon bheart chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc toisc nach bhfuil feidhm ag an tionscnamh maidir le clár ar leith ach go gcomhfhreagraíonn sé do chreat a chuirtear i bhfeidhm go cothrománach maidir le gach clár buiséid.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

Bunaítear leis an Rialachán atá beartaithe na heilimintí a bhaineann le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta níos simplí agus níos comhleanúnaí le haghaidh bhuiséad an Aontais. Cuimsítear ann rialacha cothrománacha maidir le faireachán a dhéanamh ar chaiteachas buiséid, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach chistiúcháin de chuid an Aontais a bhunú, agus rialacha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na cláir. Bunaítear leis freisin forálacha chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus phrionsabal an chomhionannais inscne a áirithiú, chomh maith le forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais.

